An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

## Athbhreithniú ar Mholtaí ó Thuarascáil Iniúchta an Gharda Síochána ar

# Chur i gCoinne Bhagairt an Éillithe Inmheánaigh



PCSA

# Clár Ábhar

**Leathanach**


| | |
|---|---|
| Achoimre Fheidhmeach | 1 |
| 1. Cúlra | 4 |
| 2. Bonn Reachtúil leis an Athbhreithniú seo | 5 |
| 3. Modheolaíocht | 7 |
| 3.1 An Próiseas Athbhreithnithe | 7 |
| 3.2 Caidreamh le Pearsanra an Gharda Síochána | 9 |
| 4. Fionnachtana agus Measúnú | 11 |
| 4.1 Caibidil 1 – Straitéis agus Rialachas | 13 |
| 4.2 Caibidil 2 – Ionracas Gairmiúil a Fheabhsú | 14 |
| 4.3 Caibidil 3 – Athléimneacht Eagraíochtúil a Thógáil | 22 |
| 4.4 Caibidil 4 – Éilliú a Shainaithint agus a Imscrúdú | 30 |
| 4.5 Caibidil 5 – Tionchar an Éillithe a Laghdú | 37 |
| Aguisín A – Téarmaí Tagartha | 41 |
| Aguisín B – Achoimre ar an Suirbhé | 42 |

# Achoimre Fheidhmeach

I dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (GSI) dar teideal '*Countering the Threat of Internal Corruption in the Garda Síochána 2020*' (Tuarascáil GSI), scrúdaíodh éifeachtacht an Gharda Síochána maidir le bagairt an éillithe inmheánaigh a chosc, a bhrath agus a mhaolú. San athbhreithniú seo a rinne an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA), rinneadh measúnú ar an dóigh ar chuir an Garda Síochána na moltaí ón tuarascáil chun feidhme de réir alt 122(2)(f) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Tá na téarmaí tagartha don athbhreithniú ar áireamh in Aguisín A.

Fuarthas amach san athbhreithniú gurb amhlaidh, de na 34 mholadh, atá 38 faoin gcéad (13 cinn) curtha chun feidhme, atá 18 faoin gcéad (sé cinn) curtha chun feidhme go páirteach, nach bhfuil 41 faoin gcéad (14 cinn) curtha chun feidhme agus a ghabh moltaí a rinneadh in athbhreithniú ar Bhainistíocht Maoine agus Foilseán a rinne Cigireacht an Gharda Síochána sa bhliain 2024 in ionad ceann amháin.

Tá na nithe seo a leanas i measc na moltaí is mó atá curtha chun feidhme:

- Rinneadh forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme ar straitéis agus beartas chun bagairt na hanúsáide cumhachta chun críche gnéasaí a mhaolú;
- Rinneadh forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme ar bheartas agus treoirlínte uileghabhálacha maidir le teorainneacha gairmiúla d'fhórsa saothair an Gharda Síochána; agus
- Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Bainistíochta um Fhoinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (CHIS) chun toirmeasc a chur ar ghlacadh le bronntanais nó le fáilteachas ó CHIS.

I measc na gceann atá curtha chun feidhme go páirteach tá tabhairt isteach tástálacha mí-úsáide substaintí. Tá sé sin i bhfeidhm do dhaoine faoi oiliúint sula dtéann siad isteach sa tseirbhís, ach teastaíonn rialacháin chumasúcháin chun tástáil inseirbhíse a cheadú.

I measc na moltaí nach bhfuil curtha chun feidhme go fóill tá roinnt moltaí a bhféadfadh go mbeadh reachtaíocht tacaíochta ag teastáil ina leith, amhail grinnfhiosrúchán inseirbhíse agus faireachán réamhghníomhach ar úsáid córas TF. Tá cód cleachtais á fhorbairt ag an nGarda Síochána chun bonn eolais a chur faoi ghrinnfhiosrúchán inseirbhíse roimh thabhairt isteach na reachtaíochta, agus cuirtear fáilte roimhe sin.

Tá roinnt beartas amuigh fós, amhail leasanna infhógartha, leasanna gnó agus eile, agus coinbhleachtaí leasa. Tá obair ar bun chun na beartais sin a thabhairt isteach de réir a chéile chun scála an athraithe a dhéanfaidh na beartais agus na nósanna imeachta sin d'fhórsa saothair an Gharda Síochána a bhainistiú.

Is gá aird a thabhairt, agus bailchríoch a chur, láithreach ar an mBeartas um Bronntanais, Fáilteachas agus Urraíocht toisc go bhfuil soiléire in easnamh i réimsí áirithe, rud is cúis le léirmhínithe éagsúla maidir le cad atá inghlactha. Tá an t-athbhreithniú ar an mbeartas sin ar siúl fós laistigh den Gharda Síochána agus is gá soiléire a thabhairt láithreach ann maidir leis na nithe seo a leanas:

- Bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le bronntanais a fhaigheann pearsanra agus a bhaineann le gníomhaíochtaí cruinnithe airgid lena mbaineann cúiseanna pobail agus cúiseanna an Gharda Síochána araon, lena n-áirítear club sóisialta de chuid an Gharda Síochána;
- Cibé acu an gcaitear le dearbháin le haghaidh earraí nó seirbhísí ar an mbealach céanna a gcaitear le dearbháin airgid nó nach gcaitear; agus
- Cainníochtú a dhéanamh ar an mbrí atá le 'bronntanas' nó 'fáilteachas' a bhfuil luach suntasach leis.


I dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána (GSI) dar teideal 'Countering the Threat of Internal Corruption in the Garda Síochána 2020' (Tuarascáil GSI), scrúdaíodh éifeachtacht an Gharda Síochána maidir le bagairt an éillithe inmheánaigh a chosc, a bhrath agus a mhaolú.

Rud dearfach, ó chigireacht na bliana 2020 i leith, is ea go bhfuil laghdú tagtha ar an líon pearsana atá ag glacadh le bronntanais alcóil, cé go bhfuiltear ag glacadh fós le bronntanais den sórt sin mar chuid d'obair cruinnithe airgid. Sainaithnítear sa tuarascáil seo, áfach, go bhfuiltear ag glacadh go míchuí fós le bronntanais aonair amhail ticéid le haghaidh ceolchoirmeacha nó imeachtaí spóirt. Cé gur cheadaigh bainisteoirí ar leibhéal an ard-cheannfoirt agus an phríomhoifigigh nó os a chionn é sin, níl glacadh le bronntanais den sórt sin i gcomhréir leis an mbeartas, agus tá sé sin i gcodarsnacht leis na feabhsuithe eile a sainaithníodh san athbhreithniú. Is cúis díomá í sin, i bhfianaise an méid shuntasaigh dul chun cinn agus na bhfeabhsuithe suntasacha a sainaithníodh i réimsí eile den athbhreithniú seo.

Sainaithníodh san athbhreithniú samplaí dearfacha de luath-idirghabháil ag an lucht bainistíochta chun iompraíocht a bhféadfadh gníomhaíocht araíonachta a bheith mar thoradh uirthi a stopadh ina tús. Mar sin féin, ní críochnaithe go fóill atá an obair ar chóras tacaíochta luath-idirghabhála eagraíochtúil a fhorbairt agus a thabhairt isteach.

Chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar an leibhéal tuisceana ar riosca an éillithe laistigh den fhórsa saothair agus ar an dearcadh cultúrtha i leith conas is féidir cur ina choinne, rinne an fhoireann athbhreithnithe suirbhé i gceithre rannán, sa Bhiúró um Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach, agus in dhá ghrúpa Gardaí faoi oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána. Cé go bhfuil an suirbhé seo sách beag, tá sé ina léiriú dearfach ar an tuiscint atá ann ar na rioscaí agus ar chultúr na heagraíochta. Tarraingítear aird ann freisin, áfach, ar an dóigh a dtiteann muinín de réir mar a chaitheann pearsana tréimhse níos faide san eagraíocht, go háirithe maidir le cumas an Gharda Síochána chun éilliú a bhrath, a imscrúdú agus a bhainistiú agus é sin a dhéanamh le gairmiúlacht, le rúndacht agus le dícheall. Léirítear roinnt príomhthorthaí i bhFíor A. Tá tuarascáil níos cuimsithí ar thorthaí an tsuirbhé ar áireamh in Aguisín B.

***Fíor A:*** *Príomhthorthaí ón Suirbhé ar Phearsana an Gharda Síochána maidir le Cur i gCoinne an Éillithe*




**Foinse:** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

Bhí tuarascáil GSI ón mbliain 2020 ina bunchloch láidir ar a bhféadfaí tógáil ar obair an Gharda Síochána ar chur i gcoinne bhagairt an éillithe inmheánaigh. Fuarthas amach san athbhreithniú seo go raibh na 19 moladh a measadh a bheith curtha chun feidhme nó a bheith curtha chun feidhme go páirteach ina léiriú ar dhul chun cinn suntasach agus ar fheabhsú suntasach ag an nGarda Síochána. Tá sé ríthábhachtach, áfach, na moltaí atá fágtha a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh an Garda Síochána ábalta bagairt an éillithe inmheánaigh a chosc, a bhrath agus a mhaolú.

# 1. Cúlra

I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoilsigh Cigireacht an Gharda Síochána (GSI) tuarascáil iniúchta dar teideal 'Countering the Threat of Internal Corruption in the Garda Síochána' (tuarascáil GSI). Ba é cuspóir an iniúchta sin scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht an Gharda Síochána maidir le héilliú inmheánach a chosc, a bhrath agus a mhaolú.

Bhí tuarascáil GSI ag brath ar mhíniú coitianta ar cad is éilliú ann a úsáideann roinnt gníomhaireachtaí rialtais, roinnt ranna rialtais agus roinnt eintitis tráchtála laistigh d'Éirinn, eadhon

*'anúsáid post iontaoibhe chun buntáiste míchuí a fháil'. Ina dhiaidh sin, mhínigh an Garda Síochána 'éilliú' mar 'anúsáid post iontaoibhe chun buntáiste míchuí a fháil. Áirítear le héilliú anúsáid cumhachta ag duine aonair, le haghaidh gnóchan príobháideach agus/nó eagraíochtúil, fabhair, ardú céime nó luach saothair agus/nó atá neamhréireach le cleachtas cuí oifig, fhostaíocht nó fhreagrachtaí aon duine aonair'.*

Áiríodh iad seo a leanas leis na réimsí dírithe shonraigh i dtuarascáil GSI:

- **a.** Teorainneacha gairmiúla a choinneáil agus anúsáid cumhachta chun críche gnéasaí;
- **b.** Grinnfhiosrúchán, coinbhleachtaí leasa agus ceangail ar cheart fógra a thabhairt do mhaoirseoirí fúthu;
- **c.** Caidrimh speisialta amhail foinsí faisnéise daonna faoi cheilt;
- **d.** Faireachán agus brath a dhéanamh ar aon mhí-úsáid a bhaintear as an gcóras PULSE[1] agus as córais eile TF;
- **e.** Pionóis muirir sheasta agus bainistíocht maoine agus fianaise; agus
- **f.** Mí-úsáid substaintí.

Fuarthas amach i dTuarascáil GSI go leagtar síos i gCód Eitice an Gharda Síochána treoirphrionsabail don Gharda Síochána ach gur tearcfhorbartha a bhí obair rialachais straitéisigh chun cur i gcoinne bhagairt an éillithe laistigh den eagraíocht. Ní raibh aon anailís straitéiseach ann ar bhagairtí éillithe, agus bhí freagrachtaí ceannaireachta scaipthe ar fud roinnt réimsí feidhme, rud a chuir cosc ar an eagraíocht freagairt ar bhealach iomlánaíoch do bhagairtí agus do rioscaí. Fuarthas amach inti freisin nach raibh aon tuiscint choiteann ann ar fud na hearnála ceartais choiriúil ar an mbagairt a bhaineann le héilliú, agus nach raibh aon phróiseas foirmiúil i bhfeidhm trína bhféadfadh gníomhaireachtaí cumarsáid a dhéanamh nó comhoibriú le chéile.

Ag eascairt as an iniúchadh a rinneadh sa bhliain 2020, rinneadh 34 mholadh. Díobh sin, seoladh 30 ceann chuig an nGarda Síochána, seoladh trí cinn chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, agus seoladh ceann amháin chuig an Roinn Iompair.

1. Is é PULSE ('Gardaí ag úsáid na mórchóras go héifeachtach') an ríomhchóras a úsáideann an Garda Síochána.


# 2. Bonn Reachtúil leis an Athbhreithniú seo

Chuir GSI agus an tÚdarás Póilíneachta tús leis an athbhreithniú seo ar na Moltaí ó Thuarascáil GSI (Athbhreithniú) faoi alt 117(2)(a) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Rinne PCSA an t-athbhreithniú a chur i gcrích faoi alt 122(2)(g) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, tar éis thosach feidhme an Achta sin an 2 Aibreán 2025.

Bhí moltaí a rinneadh don Roinn Dlí agus Cirt agus don Roinn Iompair ar áireamh sa tuarascáil bhunaidh. Ní chumasaítear le halt 122(2)(g) faireachán a dhéanamh ar mholtaí do chomhlacht seachas an Garda Síochána. Is mór ag an athbhreithniú seo an t-eolas is deireanaí a thug an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Roinn Iompair.

*Is mór ag an athbhreithniú seo an t-eolas is deireanaí a thug an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus an Roinn Iompair.*

**Fíor 1:** *Amlíne an Athbhreithnithe*




**Foinse:** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

# 3. Modheolaíocht

San athbhreithniú, baineadh úsáid as modhanna éagsúla chun tuiscint shoiléir a fháil ar mhéid aon oibre a rinneadh chun dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí agus chun a mheas an raibh aon cheann díobh curtha chun feidhme agus, má bhí, an bhfuil siad ag baint an toraidh bheartaithe amach.

## 3.1 An Próiseas Athbhreithnithe

Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe, a léirítear i bhFíor 2, le léamh na tuarascála iniúchta bunaidh, le léamh phlean cur chun feidhme comhpháirteach na Roinne Dlí agus Cirt agus an Gharda Síochána, agus le léamh an eolais is deireanaí ó úinéirí moltaí ar a measúnú ar an dul chun cinn ar na moltaí. Dréachtaíodh téarmaí tagartha agus cuireadh iad faoi bhráid Choimisinéir an Gharda.

A bhuí leis an eolas a bhí bailithe cheana féin, bhíothas in ann iarraidh ar fhaisnéis a ullmhú lenar ceanglaíodh ar an nGarda Síochána gach treoirdhoiciméad beartais agus nós imeachta a bhaineann le héilliú inmheánach a chomhroinnt, chomh maith leis an eolas mionsonraithe is deireanaí a thabhairt ar an dul chun cinn ar gach ceann de na 34 mholadh.

Ar an bhfaisnéis a fháil, rinneadh scrúdú uirthi chun na príomh-gheallsealbhóirí a shainaithint agus chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh na n-agallamh a bhí riachtanach chun go mbeifí in ann measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an tuarascáil a chur chun feidhme. Ba bhunaithe ar roinnt tosca a rinneadh an cinneadh maidir le cé na rannáin a dtabharfaí cuairt orthu. Áiríodh leis na tosca sin scaipeadh geografach, rannáin nár thug PCSA cuairt orthu le déanaí, agus oifig náisiúnta a chur ar áireamh. Sa chomhthéacs sin, thug an fhoireann athbhreithnithe cuairt orthu seo a leanas:

- Rannán Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh Láir;
- Rannán na Mí/na hIarmhí;
- Rannán Mhaigh Eo/Ros Comáin/an Longfoirt;
- Rannán an Chláir/Thiobraid Árann; agus
- Coláiste an Gharda Síochána ar an Teampall Mór.

I rannáin, bhuail an fhoireann athbhreithnithe le hard-cheannfoirt agus ceannfoirt atá freagrach as Riarachán an Chreata Cuntasachta Feidhmíochta (PAFA) agus le bainisteoirí gnó. Sa choláiste, bhuail an fhoireann athbhreithnithe le gardaí faoi oiliúint.

Bhuail an fhoireann athbhreithnithe freisin le stiúrthóireachtaí agus aonaid Cheanncheathrú an Gharda Síochána atá freagrach as feidhmíocht, as araíonacht agus as éilliú a imscrúdú.

Díríodh sa chaidreamh le geallsealbhóirí seachtracha ar mholtaí a rinneadh ar dtús don roinn iomchuí, agus ar spleáchais thábhachtacha amhail bearnaí sa reachtaíocht, a tháinig chun cinn ó fhoilsiú na tuarascála bunaidh sa bhliain 2020 i leith. Rinneadh anailís ar thorthaí an bhailithe faisnéise ar fad, agus rinneadh measúnuithe ar stádas cur chun feidhme gach molta.

***Fíor 2:*** *Modheolaíocht an Phróisis Athbhreithnithe*

**Taighde Deisce**

Rinneadh athbhreithniú ar thuarascáil iniúchta na bliana 2020 agus ar an eolas is deireanaí ar na moltaí.

**Téarmaí Tagartha**

Dréachtaíodh Téarmaí Tagartha agus cuireadh iad faoi bhráid Choimisinéir an Gharda.

**Iarraidh Faisnéise**

Iarradh an treoir beartais agus nós imeachta iomchuí ar fad agus athbhreithníodh í.

Iarradh tuilleadh faisnéise nuair a bhí tuilleadh iniúchta ag teastáil.

**Caidreamh le Geallsealbhóirí**

Inmheánach: Buaileadh le haonaid, biúrónna agus stiúrthóireachtaí iomchuí de chuid an Gharda Síochána. Tugadh cuireadh do Chumainn Foirne chun rannchuidiú leis.

Seachtrach: Buaileadh le baill foirne ó Ranna Rialtais.

**Obair Allamuigh**

Tugadh cuairt ar rannán amháin i ngach réigiún chun bualadh leis an ard-cheannfort, leis an gceannfort PAFA, agus leis an gCeann Seirbhísí Gnó.

Tugadh cuairt ar Choláiste an Gharda Síochána chun bualadh le dhá ghrúpa gardaí faoi oiliúint.

**Anailís**

Rinneadh gach nóta agallaimh a athbhreithniú agus a úsáid chun stádas gach molta a mheasúnú.

Rinneadh torthaí an tsuirbhé a anailísiú i dtrí chatagóir ar leith.

**Tuarascáil**

Cheadaigh an tÚdarás dréacht-tuarascáil agus cuireadh faoi bhráid Choimisinéir an Gharda í chun go bhféadfaí aon mhíchruinnis fhíorasacha a shainaithint.

***Foinse:*** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

A luaithe a bhí sí ceadaithe ag an Údarás, cuireadh dréacht-tuarascáil faoi bhráid Choimisinéir an Gharda chun go bhféadfadh sé aon mhíchruinnis fhíorasacha a shainaithint.

## 3.2 Caidreamh le Pearsanra an Gharda Síochána

Cuid dhílis den phróiseas athbhreithnithe ba ea an caidreamh le pearsanra an Gharda Síochána chun tionchar na hoibre a rinneadh agus aon athruithe ar an gcultúr oibríochtúil a tharla mar thoradh ar thuarascáil GSI a iniúchadh. Rinneadh é sin i ngach ceann de na ceithre rannán a roghnaíodh agus san aonad náisiúnta roghnaithe (an Biúró um Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach) trí shuirbhé leictreonach a seoladh go hanaithnid. Bhí caidreamh ann freisin le dhá ghrúpa gardaí faoi oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána.

Tháinig na Gardaí faoi oiliúint ó ghrúpa nua nach raibh ach cúig seachtaine d'oiliúint críochnaithe acu agus ó ghrúpa a bhí díreach tar éis filleadh ó imscaradh naoi seachtaine chun taithí a fháil ar obair oibríochtúil i rannán.

Ba é cuspóir an tsuirbhé léargas níos fearr a fháil ar thuairimí, barúlacha agus eispéiris na gcomhaltaí agus ábhair éagsúla a bhaineann leis an éilliú a iniúchadh. Chun rannpháirtíocht agus ionracas a spreagadh, tugadh na freagraí uile gan ainm. Ar an iomlán, meastar go bhfuair an suirbhé ráta freagartha sásúil ab ionann agus 362 fhreagraí, rud atá leagtha amach i bhFíor 3 thíos. Admhaítear, áfach, go bhfuil na torthaí foriomlána claonta ina dtreo siúd atá laistigh den choláiste (Grúpa A agus Grúpa B). Caitear leo ar leithligh, dá bhrí sin.

***Fíor 3:*** *Miondealú ar na freagraí ar an suirbhé*

| Grúpa | Tuairisc | An líon freagraí a fuarthas |
|---|---|---|
| **Grúpa A** | Grúpa gardaí faoi oiliúint a raibh cúig seachtaine d'oiliúint críochnaithe acu | 126 |
| **Grúpa B** | Grúpa gardaí faoi oiliúint a bhí tar éis filleadh ó imscaradh naoi seachtaine | 76 |
| **Grúpa C** | Pearsana oibriúcháin a raibh taithí acu (bhí 10 mbliana nó níos mó de sheirbhís ag 65% díobh siúd a thug freagra) | 160 |
| **Iomlán na bhFreagraí** | | **362** |

***Foinse:*** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

Tugtar na torthaí ó na suirbhéanna sin in Aguisín B. Léirítear raon iomlán an chaidrimh i bhFíor 4 thíos.

***Fíor 4:*** *Raon an Chaidrimh*





***Foinse:*** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

# 4. Fionnachtana agus Measúnú

I dTuarascáil GSI ón mbliain 2020, baineadh úsáid as cúig cheannteideal caibidle chun a moltaí a ghrúpáil, mar atá leagtha amach i bhFíor 5.  San athbhreithniú seo, leantar an cur chuige sin agus measúnaítear na moltaí go seicheamhach laistigh de gach ceann de na cúig chaibidil.

***Fíor 5:*** *Na cúig cheannteideal caibidle*




***Foinse:*** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

Tríd is tríd, fuarthas amach san athbhreithniú seo go raibh dul chun cinn suntasach déanta ag an nGarda Síochána maidir leis na moltaí a chur ar aghaidh. Is ann do 13 mholadh atá curtha chun feidhme go hiomlán, do mholadh amháin ar gabhadh moladh eile ina ionad mar gheall ar athbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin, agus do shé cinn eile atá curtha chun feidhme go páirteach. Tá sé ríthábhachtach, áfach, go gcuirfí na 14 mholadh atá fágtha chun feidhme go hiomlán chun leanúint de chultúr a thógáil, a fheabhsú agus a leabú chun cur i gcoinne bhagairt an éillithe inmheánaigh.

Léirítear i bhFíor 6 measúnú an athbhreithnithe seo ar stádas cur chun feidhme na 34 mholadh.

***Fíor 6:*** *Stádas Cur Chun Feidhme na Moltaí*

| Stádas na Moltaí | Líon | | | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|---|---|---|
| | An Garda Síochána | An Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce | An Roinn Iompair | | |
| Curtha Chun Feidhme | 12 | 1 | 0 | 13 | 40% |
| Gafa ina nIonad | 1 | 0 | 0 | 1 | 3% |
| Curtha Chun Feidhme go Páirteach | 5 | 0 | 1 | 6 | 17% |
| Gan a bheith Curtha Chun Feidhme | 12 | 2 | 0 | 14 | 40% |
| **Iomlán na Moltaí** | **30** | **3** | **1** | **34** | **100%** |

***Foinse:*** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

Is féidir measúnú ar gach moladh laistigh dá chaibidil ábhartha a fháil sna rannáin seo a leanas.

## 4.1 Caibidil 1 – Straitéis agus Rialachas

Is gnéithe ríthábhachtacha den chomhrac i gcoinne an éillithe iad tuiscint straitéiseach a bheith ann ar na bagairtí a bhaineann leis an éilliú, agus socruithe láidre rialachais a bheith i bhfeidhm chun freagairt do na bagairtí sin. Ní oibríonn an Garda Síochána laistigh den chóras ceartais choiriúil ina aonar, áfach, agus mar sin tá gá le tuiscint níos leithne ar na bagairtí ar fud na hearnála.

### Moladh 1

Ba cheart don Roinn Dlí agus Cirt tuiscint straitéiseach a fhorbairt ar riosca an éillithe inmheánaigh ar fud na hearnála ceartais choiriúil chun straitéis uileghabhálach agus cur chuige ilghníomhaireachta a fhorbairt i leith bagairtí éillithe a bhainistiú.

### Fionnachtana

Breithníodh roinnt cineálacha cur chuige chun tuiscint straitéiseach a fhorbairt ar riosca an éillithe inmheánaigh ar fud na hearnála ceartais choiriúil, agus tuairiscíonn an roinn go bhfuil siad sin fós faoi bhreithniú.

### Measúnú: Gan a bheith curtha chun feidhme

✗ Níl aon straitéis fhoriomlán ná aon chur chuige ilghníomhaireachta forbartha.

### Moladh 2

Ba cheart don Gharda Síochána próiseas rialachais a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh na bagairtí, na rioscaí agus na dochair fhéideartha a bhaineann leis an éilliú inmheánach a shainaithint agus a mhaolú. Ba é a bhí le cur ar áireamh ansin freagracht ceannairí sinsearacha póilíneachta as an éilliú a chomhrac, measúnú straitéiseach a fhorbairt ar bhagairtí éillithe, agus straitéis rialaithe i gcoinne an éillithe a leagan síos.

### Fionnachtana

Tá próiseas rialachais curtha chun feidhme ag an nGarda Síochána faoi stiúir an Leas-Choimisinéara ar a bhfuil freagracht as Slándáil, Straitéis agus Rialachas, agus déanann sé measúnú straitéiseach ar bhagairtí éillithe tríd an Measúnú Riosca ar Bhagairtí Straitéiseacha (STRA)[2]. Athbhreithnítear an STRA agus an straitéis ar bhonn tréimhsiúil, agus is treochlár iad le haghaidh gníomhartha a chur in ord tosaíochta. Cé nach bhfuil aon chreat curtha chun feidhme, comhlíonann an treochlár a ghabhann leis an straitéis agus leis an STRA na hoibleagáidí sin, agus tá an struchtúr tacaíochta cuí i bhfeidhm.

2. Próiseas trína ndéanann eagraíocht bagairtí agus rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a spriocanna a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú.

Go dtí seo, tá dhá STRA curtha i gcrích ag Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána (GACU). Fuarthas amach san athbhreithniú seo go raibh na bagairtí agus na rioscaí a sainaithníodh agus an anailís a bhí ag gabháil leis sin ina léiriú ar fheasacht agus tuiscint chuimsitheach ar na bagairtí atá os comhair na heagraíochta.

**✓ Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

## 4.2 Caibidil 2 – Ionracas Gairmiúil a Fheabhsú

Soláthraíonn an Garda Síochána seirbhís do shaoránaigh agus pobail na hÉireann. Gné ríthábhachtach de sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar is ea a bheith cuntasach agus a bheith treoraithe ag prionsabal na hurraime do chearta an duine agus ag prionsabal na trédhearcachta maidir leis an dóigh a soláthraítear na seirbhísí sin. San athbhreithniú seo, breathnaíodh ar obair an Gharda Síochána maidir le hionracas gairmiúil a chur chun cinn tríd an oiliúint a chuirtear ar fáil, ar an dóigh a ndéanann an eagraíocht a cláir eagraíochtúla a chothabháil, agus ar na beartais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

**Moladh 3**

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas agus treoirlínte uileghabhálacha maidir le teorainneacha gairmiúla d'fhórsa saothair an Gharda Síochána.

**Moladh 4**

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéis agus beartas chun bagairt na hanúsáide cumhachta chun críche gnéasaí a mhaolú. Ba cheart aird a tharraingt sa bheartas sin ar na contúirtí a bhaineann le caidrimh ina bhféadfaí anúsáid a bhaint as post cumhachta chun críocha mothúchánacha nó gnéasacha. Ba cheart treoir a sholáthar ann freisin d'fhórsa saothair an Gharda Síochána agus do mhaoirseoirí an Gharda Síochána maidir le príomhtháscairí na gcaidreamh sin agus maidir leis an bhfreagairt eagraíochtúil chuí don tsaincheist.

### Fionnachtana

Déantar Moladh 3 agus Moladh 4 a mheasúnú i dteannta a chéile toisc go bpléann an Garda Síochána le teorainneacha gairmiúla agus le hanúsáid cumhachta chun críche gnéasaí faoin aon bheartas amháin. Forbraíodh Beartas maidir le Teorainneacha Gairmiúla agus le hAnúsáid Cumhachta chun Críche Gnéasaí, agus foilsíodh é i mí an Mheithimh 2021. Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas sin laistigh den tréimhse a gealladh, agus nuashonraíodh é tuilleadh ó thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, i leith. Tá príomhtháscairí chun cabhrú le hanúsáid cumhachta chun críche gnéasaí a shainaithint agus a thuiscint ar áireamh sna modúil foghlama cumaisc, agus rinneadh tagairt shoiléir dóibh sin le linn na gcruinnithe faisnéise de chuid GACU ar fhreastail an fhoireann athbhreithnithe orthu. Sa leagan is déanaí den bheartas, athraíodh an teideal go 'Professional Boundaries and Abuse of Power for Sexual Purposes'.

Fuarthas amach san athbhreithniú seo go bhfuil an modúl oiliúna ar líne sin curtha i gcrích ag 81.5 faoin gcéad de phearsana iomlána an Gharda Síochána. Maidir le 16.5 faoin gcéad eile, tá tús curtha acu leis an bpacáiste oiliúna ar líne ach níl sé curtha i gcrích acu go fóill.

Sa suirbhé a seoladh leis an athbhreithniú seo, mealladh freagairt thar a bheith láidir ó fhreagraithe nuair a iarradh orthu a chur in iúl cén fáth a bhfuil tábhacht le teorainneacha gairmiúla. Tugtar sampla de na freagraí i bhFíor 7.

***Fíor 7:** Cúiseanna a tugadh maidir le cén fáth a bhfuil tábhacht le teorainneacha gairmiúla*




***Foinse:** Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

**Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

### Moladh 5

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas agus treoirlínte maidir le ceangail infhógartha a bhfuil oibleagáid ar gach comhalta d'fhórsa saothair an Gharda Síochána iad a thuairisciú.

## Fionnachtana

Tá an beartas maidir le ceangail infhógartha dréachtaithe ach níl sé tugtha chun críche ná curtha isteach lena cheadú go fóill.

## ✗ Measúnú: Gan a bheith curtha chun feidhme

Tá an beartas fós á fhorbairt agus neamhiomlán laistigh den Gharda Síochána. Dá bhrí sin, níor forbraíodh an cur chuige foghlama cumaisc ná na treoracha feasachta ar ghá iad a chur leis an mbeartas críochnaitheach.

### Moladh 6

Ba cheart don Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Bainistíochta um Fhoinsí Faisnéise Daonna faoi Cheilt (CHIS) uaidh chun toirmeasc a chur ar ghlacadh le bronntanais nó fáilteachas ó CHIS. Bhí gá leis sin chun treisiú leis na hoibleagáidí i mbeartais ghaolmhara eile de chuid an Gharda Síochána a bhaineann le teorainneacha gairmiúla, le caidrimh agus le ceangail, agus béim á leagan ar CHISeanna a bhainistiú. Go háirithe, ba cheart, leis an mbeartas athbhreithnithe, oibleagáid a fhorchur ar chomhaltaí an Gharda Síochána gach caidreamh le daoine atá ina CHIS nó a bhí ina CHIS a nochtadh.

## Fionnachtana

Cuireadh athbhreithniú ar dhoiciméid beartais agus nós imeachta CHIS i gcrích agus tugadh beartas nuashonraithe isteach sa bhliain 2022, agus é ag teacht in ionad an Chóid Cleachtais roimhe. Rud a thacaíonn le cur chun feidhme an bheartais sin is ea clár oiliúna saincheaptha trí seachtaine do láimhseálaithe CHISeanna. Agus an méid seo á scríobh, bhí an cúrsa curtha i gcrích ag 73 faoin gcéad de na láimhseálaithe CHISeanna uile, agus bhí an 27 faoin gcéad eile tar éis freastal ar an gcúrsa oiliúna réamhroghnúcháin agus ag fanacht le dáta chun freastal ar an gclár oiliúna. Measadh an doiciméad nós imeachta a bheith soiléir agus gan athbhrí maidir leis an 'toirmeasc follasach' a cuireadh leis ar ghlacadh le bronntanais, le fáilteachas agus le hurraíocht agus ar dhul isteach in aon chaidreamh le duine atá ina CHIS nó a bhí ina CHIS. Breithnítear go cúramach sa doiciméad seo freisin na rioscaí agus cearta an duine atá ag CHISeanna agus ag a láimhseálaithe. Bhí an chuma ar an scéal gur láidir a bhí an rialachas lárnach agus an bhainistíocht lárnach ar na próisis sin. Mar gheall ar chineál na hoibre sin, áfach, ní féidir leis an athbhreithniú seo a dheimhniú go leantar an treoir sin i gcónaí dáiríre.

## ✓ Measúnú: Curtha Chun Feidhme

### Moladh 7

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta maidir le mí-úsáid substaintí agus tástáil substaintí. Mar chéad chéim, ba cheart do gach iontrálaí nua tástáil éigeantach réamhfhostaíochta a dhéanamh mar choinníoll dá bhfostaíocht.

## Fionnachtana

Rinneadh Beartas maidir le Mí-Úsáid Substaintí (Drugaí Rialaithe) a fhoilsiú agus a chur chun feidhme i mí an Mheithimh 2021. Cuireadh tús le tástáil mí-úsáide substaintí d'oiliúnaithe nua roimh dhul isteach i gColáiste an Gharda Síochána sa bhliain 2023. Tá an oiread dul chun cinn agus is féidir déanta ag an nGarda Síochána ar an obair sin. Tá Nós Imeachta maidir le Mí-Úsáid Substaintí (Drugaí Rialaithe) á fhorbairt fad atá tosach feidhme na rialachán dlíthiúil riachtanach ar feitheamh. Na rialacháin lena gcumasófar tástáil le haghaidh mí-úsáide substaintí do phearsana reatha, tá siad fós á bhforbairt ag an Roinn Dlí agus Cirt agus níl siad tugtha chun críche go fóill.

## Measúnú: Curtha chun feidhme go páirteach

Ní bheidh an Garda Síochána in ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh air sin go dtí go mbeidh na dréachtrialacháin tugtha chun críche agus tosaithe ag an Aire.

### Moladh 8

Ceanglaíodh ar an nGarda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas agus treoirlínte maidir le coinbhleachtaí leasa a dhearbhú, a thaifeadadh agus a bhainistiú.

## Fionnachtana

Tá an beartas maidir le coinbhleacht leasa dréachtaithe ach níl sé tugtha chun críche ná curtha isteach lena cheadú go fóill.

## Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Tá an beartas fós á fhorbairt agus neamhiomlán laistigh den Gharda Síochána. Dá bhrí sin, níor forbraíodh an cur chuige foghlama cumaisc ná na treoracha feasachta ar ghá iad a chur leis an mbeartas críochnaitheach. Is gá dul chun cinn a dhéanamh ar an mbeartas sin agus ar an bpacáiste foghlama agus feasachta a ghabhann leis.

## Moladh 9

Ba cheart don Gharda Síochána feasacht a mhúscailt ar bheartas an Gharda Síochána maidir le bronntanais, fáilteachas agus urraíocht, laistigh agus lasmuigh den eagraíocht araon, agus bearta a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíontar an beartas go hiomlán i measc fhórsa saothair an Gharda Síochána. Bhí ar GACU úinéireacht a ghlacadh ar an mbeartas, faireachán a dhéanamh ar thuairisceáin mhíosúla, agus iontrálacha a chros-seiceáil i gcoinne foinsí eile.

Bhí na cláir le hiniúchadh agus bhí ceist le cur ar an mbainisteoir freagrach agus ar an bhfaighteoir freagrach faoi iontrálacha roghnaithe. Ba cheart na cláir bronntanas, fáilteachais agus urraíochta a fhoilsiú, lena n-áirítear nuair atá freagra nialasach ann. IontrálAcha a thairgtear do phearsana ag céimeanna ó chéimeanna an cheannfoirt agus an phríomhoifigigh chúnta agus os a gcionn, nó iontrálacha a fhaigheann na pearsana sin, ba cheart iad a fhoilsiú ar bhealach a bhfágann gur féidir an duine lena mbaineann a shainaithint go soiléir. Ba cheart na cigirí a fheidhmíonn feidhmeanna ceannfoirt go tráthrialta a chumhdach leis sin freisin. Ba cheart na bronntanais eile go léir a fhoilsiú i gcoinne an rannáin iomchuí/na roinne iomchuí.

Níor cheart glacadh le bronntanais, fáilteachas ná urraíocht ó eagraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir muirear i leith dualgas nach dualgas poiblí é, ó eagraíochtaí a bhfuil caidreamh tráchtála acu leis an nGarda Síochána, ná ó eagraíochtaí atá faoi réir formhaoirsiú reachtúil ag an nGarda Síochána.

## Fionnachtana

Ceanglaítear leis an doiciméad beartais agus nósanna imeachta atá ann cheana ar gach pearsa ag céim an phríomhoifigigh agus an ard-cheannfoirt agus os a cionn clár a choinneáil agus tuairisceán míosúil a chur faoi bhráid an Aonaid um Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine (HRPD) lena fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Gharda Síochána.

Cuirtear in iúl go soiléir sa bheartas freisin nach gceanglaítear ar phearsana taifeadadh a dhéanamh ar sholáthar sólaistí i gcás nach mbeadh súil le híocaíocht de ghnáth, amhail an fáilteachas a thugann teaghlaigh go minic nó an fáilteachas a thugtar le linn cruinnithe a bhaineann leis an obair Tá sé sin ciallmhar agus ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Sonraítear an méid seo a leanas sa bheartas: *'ní fhéadfaidh baill foirne is Gardaí ná baill foirne shibhialtacha bronntanais ná fáilteachas a iarraidh, cibé acu go díreach nó go hindíreach'*. Sonraítear an méid seo a leanas ann freisin: *'ní fhéadfaidh baill foirne is Gardaí ná baill foirne shibhialtacha glacadh le haon bhronntanais, aon aiscí, aon lascainí, aon síntiúis, aon fháilteachas ná aon urraíocht a d'fhéadfaí a mheas mar rud a chuirfeadh isteach ar a ndualgais anois nó sa todhchaí'.* Mínítear ann freisin cé na bronntanais nach ceadmhach glacadh leo agus cén fáilteachas nach ceadmhach glacadh leis, lena n-áirítear:

- aon rud a d'fhéadfadh cur isteach ar neamhchlaontacht an phearsanra;
- bronntanais ó aon duine nó aon ghnólacht a bhfuil ceadúnais aige/aici agus a dtagann a g(h)nó faoi mhaoirseacht an Gharda Síochána ar aon bhealach;
- airgead tirim;
- seiceanna bronntanais nó aon dearbháin a d'fhéadfaí a mhalartú ar airgead tirim; agus
- aon alcól, beag beann ar a luach.

San athbhreithniú seo, scrúdaíodh cúig chlár aonair agus fuarthas amach go raibh iontu bunachar sonraí Excel nó bailiúchán ríomhphoist ina raibh na tuairisceáin thráthrialta a cuireadh isteach chuig HRPD. Taifeadadh iontráil amháin an ceann in dhá chlár, agus taifeadadh sna trí chlár eile tuairisceán nialasach do na sé mhí ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2025. Ós rud é go gclúdaíonn na ceithre rannán rannán amháin de chuid Bhaile Átha Cliath agus seacht gcontae, níl sé inchreidte nach bhfuil ach dhá bhronntanas in-nochta ann. Dá bhrí sin, tá imní ann nach mbíonn na cláir á gcomhlánú go cuimsitheach.

De bhreis air sin, tagann roinnt saincheisteanna chun cinn:

- Ní bhíonn na cláir á bhfoilsiú go tráthrialta agus, don tréimhse ón mbliain 2021 go dtí seo, níor foilsíodh ach sé cinn de na cláir mhíosúla, agus faisnéis measartha teoranta iontu a théann siar go dtí an chéad sé mhí den bhliain 2021. Cé go dtuigtear gurbh í saincheist dhlíthiúil ba chúis leis an neamhfhoilsiú sin, tá sé thar a bheith tábhachtach cláir a fhoilsiú, toisc go soláthraítear leis sin trédhearcacht don phobal agus raon feidhme le haghaidh nochtaí neamhiomlána a shainaithint.
- San athbhreithniú seo, scrúdaíodh an bunachar sonraí lárnach seirbhíse ina bhfuil na tuairisceáin go léir ón nGarda Síochána ina iomláine, agus fuarthas amach gur de shárú ar an doiciméad beartais agus nósanna imeachta a glacadh le breis agus 50 faoin gcéad de na bronntanais ón mbliain 2021 i leith. Thar aon rud eile, is é ard-cheannfort, príomhoifigeach nó pearsa níos airde a thugann gach cead chun glacadh le bronntanas. Má theipeann ar phearsana ag na céimeanna nó na gráid sin cloí leis an mbeartas, caitear amhras suntasach ar mhéid an chomhlíonta i measc na bpearsana eile den Gharda Síochána.
- Sainaithníodh samplaí de ghlacadh míchuí le bronntanais aonair. Áiríodh leo sin glacadh le ticéid le haghaidh imeachtaí, lenar áiríodh ceolchoirmeacha popcheoil agus imeachtaí spóirt.
- Rud dearfach is ea go bhfuil laghdú tagtha ar an líon pearsana atá ag glacadh le bronntanais alcóil, murar tairgeadh iad mar chuid d'obair cruinnithe airgid chun tacú le cúiseanna carthanúla. Ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2024, ba le míreanna le haghaidh imeachtaí carthanúla nó imeachtaí pobail a bhain breis agus 47 faoin gcéad de na bronntanais ar glacadh leo. I measc na mionsonraí maidir le cé nó cad a bhainfeadh leas astu tá cóisir Nollag do sheanóirí, club sóisialta ceantair, raifil, agus imeacht cruinnithe airgid. Is inmholta atá an tacaíocht atá tugtha ag pearsana an Gharda Síochána d'imeachtaí carthanúla agus d'imeachtaí pobail. Mar sin féin, baineann dhá riosca leis sin ar fiú iad a lua. Ar an gcéad dul síos, is amhlaidh, maidir leis na bronntanais a nglactar leo agus a luaitear mar thiomsú carthanúil airgid, is féidir go dtiocfaidh siad ó ghnólachtaí amhail tithe tábhairne agus bialanna a thagann i dteagmháil ghairmiúil leis an nGarda Síochána mar gheall ar cheadúnas alcóil nó ceadúnas eile a bheith ag teastáil uathu nó mar gheall ar sheirbhís a bheith ag teastáil uathu. Ar an dara dul síos, ní raibh aon fhianaise ann chun a léiriú cé acu a thairg an gnólacht na bronntanais nó a d'iarr an Garda Síochána iad, nó ar fheidhmigh an Garda Síochána nó an gnólacht aon tionchar míchuí. Méadaíonn glacadh le bronntanais den sórt sin nó brústocaireacht a dhéanamh ar a son an riosca go ndéanfar difear don chothromaíocht sa chaidreamh agus go mbraithfidh páirtí amháin nó an páirtí eile go bhfuil sé faoi oibleagáid mhíchuí.
- Níl an beartas soiléir maidir leis an méid is cuí maidir le gníomhaíocht cruinnithe airgid agus maidir le conas is féidir aon rioscaí a bhaineann léi a bhainistiú.
- Tá an tagairt sa bheartas do dhearbháin doiléir agus bheadh sé ina bhuntáiste dá ndéanfaí í a shoiléiriú toisc go luaitear inti nach bhfuiltear le glacadh le 'dearbháin is féidir a mhalartú ar airgead tirim'. I gcleachtas, áfach, is féidir formhór na ndearbhán a mhalartú ar earraí nó seirbhísí a bhfuil luach airgeadais leo. Mar sin de, is cosúil go bhfuil na rioscaí céanna i gceist.
- Cé go gcuirtear toirmeasc leis an mbeartas ar ghlacadh le haon bhronntanas nó aon fháilteachas a bhfuil luach suntasach leis, tá sé sin doiléir agus ba cheart é a shoiléiriú chun go mbeidh sé níos fusa do phearsanra an Gharda Síochána é a léirmhíniú.
- Ní bhíonn HRPD ag déanamh cros-seiceáil i gcoinne foinsí eile amhail soláthar agus dearbhuithe um chaighdeáin in oifigí poiblí.
- Tá freagracht ar HRPD fós as an mbeartas sin. Tuigtear go bhfuil athbhreithniú ar siúl agus go bhfuil sé beartaithe é a chur i gcrích le linn na bliana 2025, tráth atá sé beartaithe úinéireacht a aistriú chuig GACU.

**✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme**

Níl ceanglais an mholta bunaidh comhlíonta.

## Moladh 10

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartas agus treoirlínte maidir le leasanna gnó agus tánaisteacha a bheith ag fórsa saothair an Gharda Síochána, lena n-áirítear ceanglas ar chomhaltaí d'fhórsa saothair an Gharda Síochána a leasanna tráchtála pearsanta go léir agus na leasanna tráchtála pearsanta go léir a bhaineann le baill teaghlaigh agus le cairde a dhearbhú do Choimisinéir an Gharda. Tá sé sin chun cur chuige prionsabailbhunaithe oibiachtúil agus trédhearcach i leith fostaíocht thánaisteach a chur in ionad na dtreoirlínte maidir le gníomhaíochtaí ama spártha toirmiscthe.

### Fionnachtana

Tá an Beartas maidir le Leasanna Gnó agus Gairmeacha Tánaisteacha dréachtaithe ach níl sé tugtha chun críche ná curtha isteach lena cheadú go fóill. Foilsíodh liosta de na gníomhaíochtaí toirmiscthe nár cheart do chomhaltaí den Gharda Síochána páirt a ghlacadh iontu.

Ina theannta sin, taifeadadh sa tuarascáil ón nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) de chuid Chomhairle na hEorpa[3], a foilsíodh i mí Feabhra 2023, nach é amháin gur cheart córas leordhóthanach a bheith ann chun na gníomhaíochtaí sin a údarú, ach ba cheart córas leordhóthanach a bheith ann freisin chun a sheiceáil go tráthrialta go gcomhfhreagraíonn siad fós don mhéid atá údaraithe agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa tagtha chun cinn le himeacht ama. Molann sé *'go ndéanfaí gníomhaíochtaí tánaisteacha údaraithe chomhaltaí an Gharda Síochána a thaifeadadh go cuí agus go ndéanfaí seiceálacha tráthrialta ina dhiaidh sin'*.

### ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Tá an beartas fós á fhorbairt agus neamhiomlán laistigh den Gharda Síochána. Dá bhrí sin, níor forbraíodh an cur chuige foghlama cumaisc ná na treoracha feasachta ar ghá iad a chur leis an mbeartas críochnaitheach.

Is gá don Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na treoirlínte maidir le gníomhaíochtaí ama spártha toirmiscthe, lena n-áirítear aon cheanglais reachtacha fhéideartha chun cur ina n-ionad. Tá an fhíric gur cuireadh an tsaincheist sin ar áireamh i dTuarascáil GRECO ar an gCúigiú Babhta Meastóireachta ina léiriú gur gá dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin.

## Moladh 11

Ba cheart don Gharda Síochána a chinntiú go bhfuil soiléire ann i ndáil le comhlánú na ndearbhuithe um Eitic in Oifigí Poiblí ag pearsanra a cheaptar chuig poist atá ainmnithe faoi na hAchtanna um Eitic agus ag pearsanra a ainmnítear go tráthrialta chun feidhmiú go sealadach ag céim níos airde mar phríomhoifigeach cúnta nó mar cheannfort.

### Fionnachtana

Aistríodh an réimse beartais seo ón Aonad Airgeadais chuig GACU. Eisíodh treoir chuig pearsanra, agus tá próiseas éifeachtach ann, atá á bhainistiú ag an bhfoireann ceannaireachta sinsearaí, chun dul i ngleic le tuairisceáin nach bhfuil iomlán nó nach bhfuil curtha isteach. Déanann GACU bainistiú éifeachtach ar chomhlánú na ndearbhuithe um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí[4] freisin. Áirítear leo sin tuairisceáin nialasacha nó neamhiomlána agus mainneachtainí tuairisceáin a chur isteach.

### ✓ Measúnú: Curtha Chun Feidhme

3. Tuarascáil GRECO ar an gCúigiú Babhta Meastóireachta
4. Is é is dearbhú um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ann ná dearbhú reachtúil a dhéanann daoine aonair atá ceaptha chuig oifigí poiblí áirithe nó atá ag iarraidh a gceaptha chuig oifigí poiblí áirithe chun a dheimhniú go bhfuil siad ag comhlíonadh oibleagáidí cánach.

## Moladh 12

Ba cheart don Roinn Dlí agus Cirt athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iarfhostaíochta fhórsa saothair an Gharda Síochána agus rialacha oiriúnacha agus próisis oiriúnacha a fhorbairt chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtiocfaidh coinbhleacht leasa chun cinn tar éis do chomhalta d'fhórsa saothair an Gharda Síochána an eagraíocht a fhágáil.

### Fionnachtana

Níl aon dul chun cinn déanta ar an obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iarfhostaíochta fhórsa saothair an Gharda Síochána agus rialacha oiriúnacha agus próisis oiriúnacha a fhorbairt chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtiocfaidh coinbhleacht leasa chun cinn tar éis do chomhalta dul ar scor.

De bhreis ar an gceanglas i dtuarascáil GSI, rinneadh tagairt i moladh xvii i *dTuarascáil GRECO ar an gCúigiú Babhta Meastóireachta* (2023) don fhíric nach bhfuil feidhm ag na srianta iarfhostaíochta a leagtar amach san Acht um Brústocaireacht a Rialáil maidir le haon chomhaltaí den Gharda Síochána. Mheas GRECO gur cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar an easpa rialacha maidir le srianta iarfhostaíochta do chomhaltaí an Gharda Síochána, bíodh na rialacha sin ag baint le brústocaireacht nó le fostaíocht in earnáil ina bhféadfadh go ndearna an comhalta cinntí a bhí fabhrach don fhostóir amach anseo. Dá réir sin, mhol GRECO go ndéanfaí scrúdú ar na rioscaí go mbeidh coinbhleacht leasa ag comhaltaí an Gharda Síochána a fhágann an Garda Síochána agus a ghlacann fostaíocht nó a thairgeann seirbhísí ina dhiaidh sin, agus mhol sé go mbunófaí rialacha de réir mar is cuí.

### ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Níor coimisiúnaíodh aon taighde ar shaincheist na ngníomhaíochtaí iarfhostaíochta d'fhórsa saothair an Gharda Síochána ná ní dhearnadh aon anailís ar chleachtas reatha an Gharda Síochána ná ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Níor iarradh tuairimí na bpríomh-gheallsealbhóirí maidir le conas a d'fhéadfaí toradh an taighde a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, níor forbraíodh aon rialacha ná aon phróisis chun rioscaí go dtiocfaidh coinbhleachtaí chun cinn a laghdú i gcomhréir leis an mórbheartas poiblí agus leis an dea-chleachtas. Tagraítear don tsaincheist sin i *dTuarascáil GRECO ar an gCúigiú Babhta Meastóireachta*. Aithnítear go bhféadfadh dúshláin bhunreachtúla a bheith i gceist le dul chun cinn a dhéanamh ar an moladh seo. Moltar, mar sin, go ndéanfaí athbhreithniú agus go ndéanfaí cinneadh maidir le cé acu is féidir nó nach féidir réiteach dleathach a fháil. Táthar ag súil gurb é an toradh a bheidh ar aon athbhreithniú ná go mbeifear in ann teacht ar chonclúid maidir leis an moladh seo.

## Moladh 13

Ba cheart don Gharda Síochána seiceálacha tréimhsiúla sláinte ionracais a dhéanamh ar fhórsa saothair an Gharda Síochána. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a laghad agus ag pointí criticiúla gairme freisin, amhail ar ardú céime na pearsan nó ar a roghnú le haghaidh sainphoist nó le haghaidh post ainmnithe.

### Fionnachtana

Fuarthas amach san athbhreithniú seo go bhfuil an Garda Síochána ag díriú ar ghrinnfhiosrúchán mar an cur chuige i leith ceanglais an mholta seo a chomhlíonadh. Rinneadh tagairt i dtuarascáil na bliana 2020, áfach, don chleachtas idirnáisiúnta, áit a raibh seiceálacha sláinte ionracais ina gcuid den athbhreithniú feidhmíochta bliantúil do phearsanra. Chun an moladh seo a chur chun feidhme, ba ghá cleachtadh scóipe a dhéanamh chun iniúchadh a dhéanamh ar sheiceálacha a thabhairt isteach sa Gharda Síochána, agus iad tagarmharcáilte i gcoinne an dea-chleachtais idirnáisiúnta, agus comhchomhairliúchán a sheoladh le príomh-gheallsealbhóirí, le comhlachais agus le ceardchumainn chun tacú le beartais agus struchtúir inmheánacha a fhorbairt chun tabhairt isteach seiceálacha a éascú.

### Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Is é cur chuige an Gharda Síochána i leith an mholta seo ná díriú ar na ceanglais i leith Mholadh 14. Meastar san athbhreithniú seo go bhfuil an moladh seo i bhfad níos simplí. Dá dtabharfaí aghaidh ar an easpa bainistíochta éifeachtaí feidhmíochta, d'fhéadfaí dul chun cinn suntasach a bhaint amach leis an moladh seo.

## 4.3 Caibidil 3 – Athléimneacht Eagraíochtúil a Thógáil

I dtuarascáil na bliana 2020, sainaithníodh mí-iompar agus éilliú mar nithe a tháinig as laige eagraíochtúil agus as mórtheipeanna córasacha sa phóilíneacht, seachas mar nithe a tháinig as gníomhartha daoine áirithe. Cé gur uirlis thábhachtach í araíonacht, is amhlaidh ina lán cásanna nach sainaithnítear léi daoine eile a luaitear le héagóiritheoireacht ná scála iomlán na hiompraíochta éillithe féin. Chomh maith leis sin, ní thugtar maoirseoirí chun cuntais léi, agus ní thugtar aghaidh léi ach oiread ar fhadhbanna struchtúracha sa phóilíneacht féin.

### Moladh 14

Ba cheart don Gharda Síochána beartas agus cur chuige aonair a fhorbairt i leith grinnfhiosrú a dhéanamh ar fhórsa saothair an Gharda Síochána agus orthu siúd atá ar conradh chun seirbhísí a sholáthar. Bhí sé sin le déanamh ag rannóg grinnfhiosrúcháin laistigh de GACU agus chun athbhreithniú grinnfhiosrúcháin ar aon duine i bhfórsa saothair an Gharda Síochána a cheadú de réir rogha Cheann GACU. Bhí leibhéal ilchisealach grinnfhiosrúcháin le cur ar áireamh ann chun rochtain ar chórais phóilíneachta agus bagairtí sainaitheanta a chur san áireamh. Bhí athbhreithnithe réamhfhostaíochta agus athbhreithnithe tráthrialta inseirbhíse ag amanna áirithe, amhail ceapacháin chuig poist ainmnithe nó leochaileacha nó ardú céime, le cur ar áireamh ann freisin. Bhí grinnfhiosrú breise le déanamh ar bhaill foirne i bpoist ainmnithe nó leochaileacha agus bhí oiliúint agus tacaíochtaí i nithe eiticiúla le tabhairt dóibh.

Bhí an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla, seiceálacha creidmheasa, faisnéis airgeadais, na meáin shóisialta, ciontuithe ó chomhlachtaí eile stáit, taifid mhíleata, agus taifid eile araíonachta póilíní, más cuí, le cur ar áireamh sa ghrinnfhiosrúchán earcaíochta.

Bhí grinnfhiosrú pearsanta ar an leibhéal cuí le déanamh ar gach conraitheoir a sholáthraíonn seirbhís don Gharda Síochána. Bhí GACU le bheith freagrach as measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ar fad a bhaineann le duine aonair i gcás gur sainaithníodh riosca le linn grinnfhiosrúcháin, agus as moladh a thabhairt do Choimisinéir an Gharda maidir leis an ngníomhaíocht chuí atá le déanamh.

### Fionnachtana

Níl aon bheartas aonair i bhfeidhm, agus déantar grinnfhiosrú ar bhealaí éagsúla laistigh den Gharda Síochána. Tá Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GNVB) freagrach as grinnfhiosrú a dhéanamh ar gach iarratasóir rathúil a earcaítear chun dul isteach sa Gharda Síochána agus ar dhaoine den phobal a oibríonn le leanaí nó le daoine soghonta.

Déanann HRPD seiceálacha ar thaifid choiriúla agus araíonachta mar chuid den phróiseas comórtais ar ardú céime a bhronnadh nó ar aistriú a dhéanamh chuig sainróil. Níl aon difríocht shuntasach ann idir an grinnfhiosrú a dhéantar ar dhuine a earcú agus an grinnfhiosrú breise teoranta a dhéantar ar chomhaltaí reatha a fhaigheann ardú céime nó a cheaptar chuig roinnt sainphost. Ní áirítear le grinnfhiosrúchán inseirbhíse seiceálacha a bhaineann le rochtain ar chórais phóilíneachta, le bagairtí airgeadais, le láithreacht meán sóisialta ná le haon cheangail nua a d'fhéadfadh an bhagairt nó an riosca a mhéadú. Tá dréachtsceideal de róil chriticiúla ar fáil, cé nach bhfuil sé ceadaithe ag an bhFoireann Ceannaireachta Sinsearaí go fóill.

Cuireadh rannóg grinnfhiosrúcháin ar bun laistigh de GACU agus tá obair ullmhúcháin á déanamh aici faoi láthair sula dtabharfar reachtaíocht isteach lena gcumhachtófar grinnfhiosrúchán inseirbhíse. Mar shampla, meastar go mbeidh cód cleachtais ag teastáil, agus tá an rannóg sin ag obair faoi láthair ar an doiciméad sin a dhréachtú. Ar thosach feidhme na reachtaíochta a bhfuiltear ag súil léi, meastar go ndéanfaidh GACU bainistiú agus cinneadh ar an ngrinnfhiosrúchán inseirbhíse ar fad – lena n-áirítear imréiteach slándála.

B'údar misnigh don athbhreithniú seo í an tacaíocht a thug freagraithe an tsuirbhé do ghrinnfhiosrúchán inseirbhíse, agus 83 faoin gcéad de fhreagraithe ag aontú gur cheart grinnfhiosrúchán inseirbhíse a thabhairt isteach do phearsanra an Gharda Síochána. Léirítear an freagra iomlán ar an gceist seo i bhFíor 8.

***Fíor 8:*** *Dearcadh i leith grinnfhiosrúchán inghairme a thabhairt isteach*

| An bhfuil sé amhlaidh gur cheart don Gharda Síochána grinnfhiosrúchán inghairme a thabhairt isteach do chomhaltaí agus do baill foirne? | Tá | Níl |
|---|---|---|
| **Grúpa A** – Oiliúnaithe nua | 88% | 12% |
| **Grúpa B** – Oiliúnaithe a imscaradh go hoibríochtúil | 76% | 24% |
| **Grúpa C** – Pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu | 83% | 17% |
| **Foriomlán** | **83%** | **17%** |

***Foinse:*** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

I gcás gur cuireadh ceist san athbhreithniú seo faoi chonraitheoirí a bhí ag obair leis an nGarda Síochána nó laistigh den Gharda Síochána, tugadh dearbhú go raibh grinnfhiosrú déanta orthu i ngach cás.

Thug an Garda Síochána faoi athbhreithniú ar phróiseas GNVB. Agus an tuarascáil seo á scríobh, bhí an t-athbhreithniú grinnfhiosrúcháin á bhreithniú ag an bPríomhoifigeach Corparáideach. Cé gur iarradh cóip, níor cuireadh ar fáil í. Tuigtear go bhfuil roinnt moltaí le haghaidh athruithe le fáil san athbhreithniú grinnfhiosrúcháin agus go bhfuil clár oibre ag gabháil leis chun na hathruithe sin a chur chun feidhme. Cinneadh go luath moladh amháin san athbhreithniú grinnfhiosrúcháin a chur chun feidhme chun déine agus ionracas an ghrinnfhiosrúcháin a neartú trí na róil phróiseála agus na róil chinnteoireachta a scaradh óna chéile.

Tá sé cruthaithe gur dúshlán dosháraithe é cumas an Gharda Síochána chun an méid grinnfhiosrúcháin a theastaíonn a chur i gcrích laistigh de na tréimhsí ama riachtanacha agus, mar thoradh air sin, tá oiliúnaithe nua ag dul isteach ina mbunoiliúint mar ghardaí roimh chur i gcrích a bpróisis grinnfhiosrúcháin. Go teoiriciúil, fágann sé sin go mbeadh ar mhic léinn a chinntear ina dhiaidh sin gan a bheith oiriúnach a gcúrsa oiliúna a fhágáil. Agus an méid seo á scríobh, fuair an fhoireann athbhreithnithe amach nár cinneadh aon ghardaí faoi oiliúint a chuaigh isteach i gColáiste an Gharda Síochána roimh chur i gcrích an phróisis sin gan a bheith oiriúnach go dtí seo.

### ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Cuireadh grúpa stiúrtha le haghaidh grinnfhiosrúchán inseirbhíse ar bun, ach tá creat le tabhairt chun críche go fóill toisc go bhfuil reachtaíocht ag teastáil chun grinnfhiosrúchán inseirbhíse a chumhachtú. Tá an plean le haghaidh grinnfhiosrúchán inseirbhíse a thabhairt isteach fós ina chéimeanna tosaigh, agus tá sé ag dul ar aghaidh go mall in éagmais an athraithe reachtaigh sin.

### Moladh 15

Ba cheart don Gharda Síochána a chinntiú go bhfuil córais chuí, próisis chuí agus saoráidí cuí ag gach stóras maoine chun bainistíocht shábháilte shlán maoine a bhaint amach. Áirítear leis sin oiliúint éifeachtach agus comhairle slándála do bhainisteoirí stórais maoine, stóráil scartha shlán do mhaoin atá guaiseach agus a bhfuil ardluach léi, agus córas slándála le haghaidh mionsonraí aon duine a fhaigheann rochtain ar an stóras maoine a thaifeadadh. Tá gá freisin le córas ceadaithe le haghaidh maoin a bhainistiú nuair nach bhfuil an stóras maoine ar oscailt.

## Fionnachtana

Sa bhliain 2024, rinne Cigireacht an Gharda Síochána agus baill foirne ón Údarás Póilíneachta athbhreithniú ar Chórais Bainistíochta Maoine agus Foilseán (PEMS) sa Gharda Síochána. Ina dhiaidh sin, rinneadh ocht moladh. Forbraíodh iad sin chun cur leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus chun tuilleadh feabhais a chur ar na próisis, na struchtúir, an oiliúint agus na hacmhainní a bhaineann leis an PEMS. Déanfar faireachán ar leithligh ar na hocht moladh nua a rinneadh tar éis athbhreithniú na bliana 2024.

**Measúnú: Gafa ina Ionad leis an athbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin sa bhliain 2024 ar an PEMS.**

### Moladh 16

Ba cheart don Gharda Síochána cleachtas a thabhairt isteach chun maoin a urghabhtar le linn cuardaigh a thaifeadadh go comhaimseartha agus, ar chríochnú an chuardaigh, taifead a fhágáil ag duine atá i láthair ar an láithreán cuardaigh.

## Fionnachtana

Níl an cumas ag an gcóras TF PEMS2 reatha[5] oibriú ar bhealach a bhfágann gur féidir taifid chomhaimseartha a tháirgeadh ar láithreáin chuardaigh. Mar thoradh air sin, tugtar treoir do chomhaltaí atá i mbun cuardaigh a sheoladh á rá go gcaithfear gach mír a urghabhtar a thaifeadadh go cruinn ar chairt foilseán. Níl ag an gcairt sin saoráid dúblála lena gcumasófaí cóip a fhágáil ag duine atá i láthair ar an láithreán cuardaigh.

Tá sé beartaithe uasghráduithe a dhéanamh ar PEMS2. Agus an méid seo á scríobh, áfach, ní raibh aon amscála ar fáil ná ní raibh aon tásc ann an réiteodh an nuashonrú atá beartaithe an moladh seo.

**Measúnú: Gan a bheith curtha chun feidhme**

Tá uasghrádú ag teastáil le haghaidh PEMS2.

5. PEMS2 – Leagan 2 den Chóras Bainistíochta Maoine agus Foilseán, a úsáidtear chun gach maoin agus foilseán a urghabhtar agus a aimsítear a bhainistiú.

### Moladh 17

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt agus foilsiú a dhéanamh ar Bheartas maidir le Faireachán Dleathach Gnó agus ba cheart dó teicneolaíocht a fháil lena gcumasófaí faireachas réamhghníomhach a dhéanamh ar chórais TF chun mí-úsáid aon fhaisnéise a choimeádtar iontu a chosc agus a bhrath.

## Fionnachtana

Rinneadh cleachtadh scóipe i ndáil le Beartas maidir le Faireachán Dleathach Gnó, lena n-áirítear caidreamh le seirbhísí eile póilíneachta. Tá reachtaíocht ag teastáil chun cumhacht a thabhairt do na próisis is gá chun faireachán dleathach gnó a dhéanamh ar chórais TF an Gharda Síochána, áfach, agus, dá bhrí sin, níl aon dul chun cinn déanta ar an mbeartas. Nuair a bheidh an reachtaíocht chumasúcháin i bhfeidhm, is féidir go mbeidh gá le hinfheistíocht ab fhiú na milliúin euro i dteicneolaíocht faisnéise. Tá comhairle dlí á lorg ag an nGarda Síochána maidir le cé acu is féidir an reachtaíocht sin a thabhairt isteach nó nach féidir.

## ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Rinneadh roinnt comhchomhairliúcháin agus tá sé suite gur féidir go mbeidh reachtaíocht agus tacaíocht shuntasach airgeadais le haghaidh TF ag teastáil. Tá gá leis an moladh seo a chur chun feidhme chun na gníomhartha is gá a chumhachtú chun go mbeifear in ann faireachas réamhghníomhach a dhéanamh.

### Moladh 18

Ba cheart don Gharda Síochána freagracht a shannadh do GACU as mí-úsáid gléasanna agus córas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide ag fórsa saothair an Gharda Síochána a shainaithint agus as déileáil leis an mí-úsáid sin. Bhí faireachán réamhghníomhach ar na gléasanna agus córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide go léir de chuid an Gharda Síochána le cur ar áireamh leis sin, bunaithe ar fhaisnéis, anailís agus foghlaim eagraíochtúil, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Gharda Síochána ag duine aonair, tar éis iompraíocht mhí-eiticiúil shainaitheanta nó faoi dhrochamhras nó mí-iompar mí-eiticiúil sainaitheanta nó faoi dhrochamhras ag an gcomhalta sin den fhórsa saothair.

## Fionnachtana

Ní cumasaithe le reachtaíocht atá sainaithint fhrithghníomhach na mí-úsáide teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus, dá bhrí sin, ní bhíonn sí á déanamh. Tá imscrúduithe faisnéisbhunaithe frithghníomhacha ar siúl in imthosca sonracha inar tarraingíodh ábhair imní maidir le rochtain mhíchuí anuas. I gcásanna ina bhfaigheann comhaltaí rochtain mhíchuí ar logaí teagmhas, déileáiltear leis sin go réamhghníomhach, agus áirítear leis sin, mar shampla, comhairle agus treoir agus imscrúdú iomlán araíonachta.

I gcás roinnt teagmhais íogaire a thaifeadtar ar PULSE, is gnách go mbíonn an rochtain teoranta do ghrúpa beag comhaltaí nó ball foirne. Is féidir teagmhais bhreise a theorannú má tá an Córas Bainistíochta Imscrúdaithe ag an rannán ach ní féidir déanamh amhlaidh má tá an rannán ag obair le PULSE agus leis an gcóras sin amháin. Mar sin féin, níl aon treoir ann maidir leis na cineálacha coireachta nó teagmhas nár cheart ach rochtain theoranta a bheith orthu.

## ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Tá dul chun cinn áirithe déanta ar an gcomhchomhairliúchán a bhaineann le riachtanais reachtacha agus TF, ach tá faireachán réamhghníomhach anois ar an ábhar d'iarraidh ar chomhairle dlí. Bíonn imscrúdú frithghníomhach á dhéanamh i gcásanna cuí.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoina thábhachtaí atá slándáil faisnéise. Is saincheist muiníne í d'aon eagraíocht forfheidhmithe dlí. Is féidir maolú an riosca sin a fheabhsú trí fhorbairt, cur chun feidhme agus cur in iúl a dhéanamh ar threoir maidir leis na cineálacha coireanna agus teagmhas ba cheart a shrianadh ón bpointe tosaigh taifeadta ar PULSE. Ní hé amháin gur cheart na gnáthchatagóirí coireachta tromchúisí a chur ar áireamh sa treoir sin, ach ba cheart cásanna atá íogair freisin, mar gheall ar an gcomhthéacs nó ar imthosca aonair, a chur ar áireamh inti freisin. Chun formhaoirsiú cuí a chinntiú, ba cheart taifid shrianta PULSE a chur ar áireamh mar phointe plé ag cruinnithe Riarachán an Chreata Feidhmíochta agus Cuntasachta (PAFA).

**Moladh 19**

Ba cheart don Gharda Síochána treisiú leis an maoirseacht ar chásanna a ionchúisíonn sé. Bhí tabhairt isteach treoirlínte oiriúnacha agus nósanna imeachta oiriúnacha chun feabhas a chur ar choimeád taifead le cur ar áireamh leis sin, go háirithe ceanglas chun cinneadh ón nGarda Síochána scor de chás a mhíniú go mion agus míniúcháin ar chás a bheith scriosta amach sa Chúirt Dúiche a thaifeadadh. Ina theannta sin, tá athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna ar scoireadh díobh le bheith mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta (PAF) an rannáin chun patrúin nó ábhair imní maidir le feidhmíocht a shainaithint.

## Fionnachtana

Cuireadh in iúl i dtuarascáil na bliana 2020 nach raibh lucht bainistíochta an Gharda Síochána in ann an chúis ar scoireadh d'imeachtaí cúirte a shainaithint i ngach cás. Is féidir cás a chur de láimh ar roinnt bealaí éagsúla:

- **Scor de** – is é sin nuair a dhúntar an cás agus nach bhfuil an t-ionchúiseamh á chur ar aghaidh trí na cúirteanna a thuilleadh. Baintear é sin amach trí Fhoirm RN-S01 a chomhlánú, rud a gcomhlánaíonn an comhalta a shainaithníonn an ceanglas chun scor den chás é. Cuirtear í faoi bhráid an Cheannfoirt PAFA, a dhéanann measúnú uirthi agus a sholáthraíonn ordachán roimh an dáta cúirte atá i gceist.
- **Tarraingt siar** – is é sin nuair a chuireann an láithreoir cúirte in iúl don chúirt gur mian leis/léi an cás a tharraingt siar, rud a dhéantar de ghnáth gan aon fhianaise a thairiscint. Sampla is ea cás nach bhfuil mótarárachas ag duine, áit a dtugann an tiománaí árachas bailí ar aird roimh an éisteacht chúirte. Ba cheart Foirm RN-S01 a chomhlánú sa chás sin freisin.
- **Scriosadh amach** – is é sin nuair a chinneann an breitheamh cás ionchúisimh a bhaint den liosta cúirte. Is féidir go dtarlóidh sé sin mar gheall ar theip ar chomhalta den Gharda Síochána nó ar fhinnéithe láithriú ar dháta éisteachta, nó i gcás go dtagann fadhb chun cinn le foilseán – mar shampla, píosaí scannáin CCTV atá truaillithe agus nach féidir a sheinm don chúirt nó tuarascáil liachta gan a bheith faighte roimh an dáta éisteachta socraithe.
- **Díbhe** – is é sin nuair a chinneann an breitheamh nach bhfuil dóthain fianaise curtha i láthair na cúirte chun ciontacht duine aonair a chruthú agus a dhíbheann sé/sí na cúisimh.

Tugadh próiseas rialachais, formhaoirsiúcháin agus cuntasachta isteach le treoir a eisíodh sa bhliain 2022. Ceanglaítear leis sin go dtabharfaidh comhaltaí míniú cuimsitheach ar aon iarraidh go scoirfí de chás. Baineadh úsáid as Foirm RS-NO1 chun an t-iarratas sin a dhéanamh i ngach rannán a ndearnadh iniúchadh orthu.

Sonraítear sa treoir freisin go gcinnteoidh ard-cheannfort go gcuirfear torthaí cúirte agus teagmhais PULSE ar áireamh go tráthrialta in iniúchtaí agus in athbhreithnithe. Tá an cleachtas sin i bhfeidhm faoi láthair.

Le treoir eile a eisíodh sa bhliain 2024, ceanglaítear ar cheannfoirt agus ar chinn rannáin meastóireachtaí cuimsitheacha a dhéanamh ar fheidhmíocht laistigh dá gceantar, lena n-áirítear nithe cúirte. Déantar athbhreithniú ar chásanna cúirte ar scoireadh díobh mar chuid den phróiseas PAFA. Fuarthas samplaí maithe san athbhreithniú seo chun dearbhú a thabhairt go bhfuiltear ag seasamh leis sin.

Sainaithníodh deacrachtaí i gcumas lucht bainistíochta an Gharda Síochána chun an chúis ar scoireadh den chás a shainaithint i ngach cás. Is féidir leis sin tarlú toisc nár láithrigh comhalta den Gharda Síochána nó mar gheall ar bhreith a thug breitheamh. Fuarthas san athbhreithniú seo scarbhileog a chomhlánaigh an láithreoir cúirte de láimh do gach cúirt. Níor tugadh aon dearbhú go raibh an taifead láimhe sin á úsáid chun an taifead cásanna ar PULSE a nuashonrú i ngach cás, rud a d'fhág nach rabhthas in ann PULSE a úsáid ná brath air mar mhodh le haghaidh measúnú agus tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht a bhaineann le cásanna ar scoireadh díobh.

Is an-mhaorlathach atá na réitigh áitiúla atá curtha chun feidhme chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist sin. Mhol rannán amháin ar tugadh cuairt air roghchlár anuas simplí ar PULSE mar réiteach TF. Mhol sé go mbeadh rogha cúiseanna ann le scor de chás, a bheadh le comhlánú ag an gcomhalta tíolactha. Meastar go bhfuil fiúntas ag gabháil leis an togra seo agus ba cheart cúiseanna a chur ar áireamh leis, amhail teip ar an gcomhalta den Gharda Síochána láithriú, teip ar an bhfinné láithriú agus foilseáin gan a bheith ar fáil. D'fhéadfadh an Garda Síochána é sin a úsáid freisin chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht.

### Measúnú: Curtha Chun Feidhme go Páirteach

Tá treoirlínte agus nósanna imeachta curtha chun feidhme agus tá faireachán leabaithe sa phróiseas PAFA. Mar sin féin, níl aon dearbhú ann go bhfuil bealach éifeachtach ann chun a thuiscint ar scoireadh de chás toisc gur theip ar chomhalta den Gharda Síochána freastal ar an gcúirt agus níl aon dearbhú ann ach oiread go mbíonn taifid chuí á gcoimeád ar na cúiseanna leis an scor den chás chun go mbeifí in ann gníomhaíocht a dhéanamh dá mba ghá. De ghnáth, tugtar an lipéad 'tarraingt siar', 'scriosadh amach' nó 'díbhe', ach ní thugtar an chúis a ndearnadh gníomhaíocht den sórt sin. Ba cheart dul chun cinn a dhéanamh ar an togra le haghaidh roghchlár anuas a thabhairt isteach ar PULSE.

### Moladh 20

Ba cheart don Roinn Iompair athbhreithniú a dhéanamh ar an díolúine reachtúil reatha a bhaineann le tiomáint feithiclí ag comhaltaí de na seirbhísí éigeandála.

### Fionnachtana

Rinne an Roinn Iompair athbhreithniú ar an díolúine reachtúil a bhaineann le tiomáint feithiclí ag comhaltaí de na seirbhísí éigeandála (alt 87 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010). Mar thoradh air sin, iarradh comhairle dlí agus thángthas ar an gconclúid gur cheart foclaíocht alt 87 a neartú. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Roinn Iompair ar Bhille nua um Thrácht ar Bhóithre ina mbeidh togra le haghaidh alt 87 a leasú. Beidh foclaíocht chruinn aon leasaithe ar an ábhar comhchomhairliúcháin le geallsealbhóirí iomchuí eile agus comhaontófar í leis an nGarda Síochána agus leis an Roinn Iompair sula gcuirfear ar áireamh sa Bhille é. Tuigtear go bhfuil sé beartaithe ag an Aire Iompair Scéim Ghinearálta an Bhille a chur faoi bhráid an Rialtais lena ceadú go luath sa bhliain 2026.

### Measúnú: Curtha Chun Feidhme go Páirteach

### Moladh 21

Ní mór don Gharda Síochána a chinntiú gurb amhlaidh, maidir leis an bpróiseas chun Fógra Pionóis Muirir Sheasta (FCPN) a chealú ar bhonn díolúine reachtúla, ba cheart na coinníollacha iomchuí go léir a chur san áireamh ann, lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach i rialacháin agus i mbeartais, agus ba cheart é a dhoiciméadú i gceart. Áiríodh leis sin úsáid níos déine a bhaint as an tástáil imthosca eisceachtúla chun comhréireacht ghníomhartha na gcomhaltaí a chothromú agus dlíthe um thrácht ar bhóithre á sárú acu. Bhí sé sin le gach toisc riosca agus gach toisc mhaolaitheach a chur san áireamh, mar aon le húsáid níos mó a bhaint as sonraí feithiclí i gcinnteoireacht maidir le feidhmíocht tiomána a chur san áireamh.

## Fionnachtana

Tá roinnt próiseas forbartha ag an nGarda Síochána chun faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar FCPNanna. Ós rud é nach féidir ach le cúigear comhaltaí – ar ceannairí sinsearacha i mBiúró Póilíneachta um Bóithre Náisiúnta an Gharda Síochána iad uile – cealú FCPNanna a údarú, dearbhaíodh san athbhreithniú go bhfuil ardleibhéal comhsheasmhachta ann agus go bhfuil ísealriosca mí-iompair ann. Tá ardleibhéal faireacháin inmheánaigh agus formhaoirsiúcháin sheachtraigh ann freisin trí iniúchtaí tráthrialta a gcuireann breitheamh iad i gcrích.

Tá teorainneacha ann fós maidir le cur i bhfeidhm prótacal lena ndéantar measúnú ar bhailíocht na gcomhaltaí a sháraíonn dlíthe um thrácht ar bhóithre. Chun an próiseas sin a neartú, mhol an Garda Síochána modhnuithe ar an bhfoirm faireacháin reatha, rud lena gceanglófaí ardleibhéal mionsonraí agus réasúnaíocht shoiléir ó chomhaltaí atá ag lorg díolúintí FCPN. Trí na modhnuithe sin a chur chun feidhme, creideadh go ndéanfaí an tástáil imthosca eisceachtúla a chur ar áireamh i bpróisis thráthrialta leanúnacha. Ina theannta sin, sholáthrófaí agus chuirfí san áireamh i ngach cás an fhaisnéis chomhthéacsúil ar fad a bhaineann le gach sárú atá faoi athbhreithniú, lena n-áirítear riosca, tosca maolaitheacha, agus fianaise.

Le linn an chomhchomhairliúcháin ar na hathruithe sin, áfach, cuireadh in iúl nach i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha a bheadh sé an fhoirm reatha a mhodhnú chun níos mó mionsonraí agus réasúnaíocht shoiléir ó chomhaltaí a bhí ag lorg díolúine a chur ar áireamh inti. In éagmais aon chomhaontú leis na cumainn foirne chun na coigeartuithe sin a thabhairt isteach, d'fhill an Garda Síochána ar an bhfoirm bhunaidh. Dá bhrí sin, tá gá le hathrú sa reachtaíocht lena ndéantar difear do na seirbhísí éigeandála go léir chun soláthar faisnéise a údarú agus chun díriú ar na himthosca ina gcáilíonn sárú le haghaidh díolúine. Go dtí go mbeidh sé sin ceartaithe, ní bheidh an eagraíocht in ann a chinntiú go ndéanfar cur i bhfeidhm na tástála 'imthosca eisceachtúla' a chur ar áireamh sa ghnáthchleachtas.

## Measúnú: Curtha Chun Feidhme go Páirteach

Tá athrú reachtaíochta ag teastáil fós chun a chinntiú go ndéanfar cur i bhfeidhm na tástála 'imthosca eisceachtúla' a chur ar áireamh sa ghnáthchleachtas.

**Moladh 22**

Ceanglaíodh ar an nGarda Síochána beartas agus treoir a fhorbairt, a fhoilsiú agus a chur chun feidhme maidir le muirir a ghearradh i leith dualgas nach dualgas poiblí é chun an fhéidearthacht go dtiocfadh neamh-chomhsheasmhacht chun cinn a íoslaghdú agus chun trédhearcacht a uasmhéadú do bhainisteoirí an Gharda Síochána agus d’eagraithe imeachtaí. Chun tacú leis sin, moladh go mbeadh freagracht ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin um Airgeadas agus Seirbhísí as cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i leith costais a bhaineann le dualgas nach dualgas poiblí é a ghearradh agus a ghnóthú. Bhí ar an gCoimisinéir Cúnta Réigiúnach gach plean póilíneachta maidir le dualgas nach dualgas poiblí é a cheadú ar leibhéal réigiúnach freisin.

## Fionnachtana

Comhlíonann comhaltaí den Gharda Síochána dualgas nach dualgas poiblí é faoi shocruithe a dhéantar le heagraithe imeachtaí a bhfuil sé mar aidhm acu seirbhísí póilíneachta a fhruiliú chun tacú le himeachtaí den sórt sin. Is féidir go n-áireofar cluichí spóirt, ceolchoirmeacha agus rásaí capall leis na himeachtaí sin.  Déanann an Garda Síochána measúnú i dtaobh an ngearrfar muirear i leith na tacaíochta a iarrtar, an ngearrfar muirear i leith cuid den tacaíocht, nó an ngearrfar aon mhuirear ar chor ar bith. Treoraítear an dualgas sin nach dualgas poiblí é tríd *an mBeartas agus na Nósanna Imeachta maidir le Soláthar Sheirbhísí an Gharda Síochána le haghaidh Imeachtaí Áirithe agus Muirir Ghaolmhara*.

Rinneadh an measúnú trí mhaitrís scórála a chomhlánú inar ríomhadh cé acu ba cheart an muirear ar fad a ghearradh, cuid den mhuirear a ghearradh nó gan aon mhuirear a ghearradh. Fuarthas amach san athbhreithniú go raibh léirmhíniú áirithe i gceist le comhlánú na maitríse, agus rannán amháin á chur in iúl nár laghdaigh siad an muirear ach gur ghearr siad an muirear iomlán má bhí seirbhísí póilíneachta ag teastáil le haghaidh imeachtaí neamhphoiblí. Comhthacaíodh leis an gcur chuige sin ina bhunachar sonraí. Fuarthas amach san athbhreithniú seo gur tharla idirbheartaíocht chun laghduithe sa mhuirear a chumasú roimh an bpróiseas measúnachta, cé nár taifeadadh an idirbheartaíocht sin ar an mbunachar sonraí. Bhí leibhéal láidir muiníne ann laistigh d’oifig an Stiúrthóra Airgeadais go mbíonn na taifid go léir á gcomhlánú agus á gcomhroinnt lena gcomhdú laistigh den oifig airgeadais.

Bhí leibhéal maith comhsheasmhachta ann laistigh de rannáin maidir leis an gcinnteoireacht ar mhuirir a tharscaoileadh nó a laghdú i leith dualgas nach dualgas poiblí é, cé nach raibh comhsheasmhacht iomlán ann. Tá an riosca ann go dtarlóidh fabhraíocht sa phróiseas arb éard é costais a ghearradh i leith dualgas nach dualgas poiblí é a chomhlíonann gardaí. Gabhann riosca leis freisin nach mbeadh a fhios ag an nGarda Síochána go díreach cé na nithe ar cheart dó muirear a ghearradh ina leith, cá mhéad ba cheart dó a ghearradh agus cén t-airgead ba cheart a ghnóthú don sparán poiblí ó imeachtaí, a bhfuil go leor díobh ceaptha chun brabús suntasach a ghiniúint. Gabhann neamh-chomhsheasmhacht leis an oscailteacht sin i leith léirmhínithe, rud nach féidir a leigheas ach amháin má ghlactar cur chuige láraithe. Dá réir sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhfreagracht as measúnuithe ar mhuirir a ghearradh i leith seirbhísí a chomhlánú a lárú san Fhoireann Bainistíochta Móréigeandálaí atá ann cheana nó laistigh de lároifig nua pleanála imeachtaí a chruthófar chun an fheidhm sin a chomhlíonadh agus chun tacú le réigiúin agus rannáin agus iad ag pleanáil le haghaidh imeachtaí móra nó imeachtaí náisiúnta.

I gcomhthéacs thuarascáil bhunaidh na bliana 2020, tá an moladh seo curtha chun feidhme, toisc go ndearnadh beartas nua a cheadú agus a chur chun feidhme sa bhliain 2023. Mar sin féin, tá na torthaí ar athbhreithniú ar an gCostas a Bhaineann le hImeachtaí nach Imeachtaí Dualgais Phoiblí iad a Phóilíniú, lena n-áirítear an beartas nua seo, ar áireamh sa tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023[6]. Trí cheithre mholadh nua a thabhairt, sainaithníodh sa tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuilleadh

6. Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2023 – Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

gníomhaíochta a theastaíonn. Áirítear leis sin an beartas a athbhreithniú agus a leasú. Cé go dtuigtear gur leasaíodh an beartas chun breithniú ar na moltaí sa tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur ar áireamh, níor cuireadh an méid sin ar fáil don Údarás go fóill.

### Measúnú: Curtha Chun Feidhme

Cé gur cuireadh an moladh seo chun feidhme go teicniúil le foilsiú an bheartais sa bhliain 2023, ní bhaineann sé sin an toradh beartaithe amach. Cé nár cuireadh an dréachtbheartas nuashonraithe ar fáil go fóill, is é an toradh a bheidh air go rannchuideofar go mór le toradh beartaithe an mholta seo a bhaint amach má fhreagraíonn sé do cheithre mholadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## 4.4 Caibidil 4 – Éilliú a Shainaithint agus a Imscrúdú

Ní mór do gach seirbhís póilíneachta níos mó a dhéanamh ná freagairt d'éilliú de réir mar a tharlaíonn sé. Ní mór do sheirbhísí póilíneachta cur chuige réamhghníomhach iomlánaíoch a ghlacadh i leith an eagraíocht a chosaint ar bhagairt an éillithe agus i leith tionchar an éillithe a íoslaghdú. Chun éilliú a shainaithint go luath agus a imscrúdú go críochnúil, teastaíonn ceannaireacht láidir, próisis éifeachtacha agus dóthain acmhainní tiomnaithe chun idirghabháil a dhéanamh go pras, agus an fhéidearthacht go ndéanfaí tuilleadh dochair á teorannú ag an am céanna.

**Moladh 23**

Ba cheart don Gharda Síochána freagracht eagraíochtúil fhoriomlán as éilliú a chosc, a bhrath agus a imscrúdú a shannadh d'Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána (GACU). Chun tacú leis an bhfreagracht sin, ba cheart cead amhairc iomlán a bheith ag an Aonad Frith-Éillithe ar na himscrúduithe coiriúla agus araíonachta go léir atá ar siúl ar chomhaltaí d'fhórsa saothair an Gharda Síochána.

### Fionnachtana

Déanann GACU imscrúdú ar éilliú agus tá freagracht ar an Aonad Gnóthaí Inmheánacha as riaradh na n-imscrúduithe araíonachta go léir. Is fiú an méid suntasach oibre a rinne GACU agus an tAonad Gnóthaí Inmheánacha mar ullmhúchán do thosach feidhme an Achta an 2 Aibreán 2025 a mholadh. I gcomhthráth le tosach feidhme an Achta, tosaíodh na rialacháin maidir le hiompar, le caighdeáin agus le feidhmíocht freisin[7]. Chun críochnú imscrúduithe araíonachta atá ann cheana agus a tionscnaíodh roimh thosach feidhme an Achta a éascú, tá Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, i bhfeidhm fós, i gcomhréir le halt 261 den Acht.

Mar thoradh air sin, is ann do thimpeallacht chasta ina bhfuil GACU agus an tAonad Gnóthaí Inmheánacha ag obair le próiseas déach ina bhfuil seanrialacháin agus rialacháin nua araon. Phléigh an fhoireann athbhreithnithe an tírdhreach rialála praiseach le GACU agus leis an Aonad Gnóthaí Inmheánacha, agus chuir iarrachtaí an Gharda Síochána an próiseas déach araíonachta a bhainistiú ar a suaimhneas í. D'ainneoin a dtiomantais don phróiseas déach araíonachta a bhainistiú, tá easpa acmhainní ag an dá aonad i roinnt príomhréimsí, amhail acmhainní daonna agus TF.

Cé go gcumasaítear cumarsáid oscailte agus idirghníomhaíocht a bhuí leis an dea-chaidreamh oibre, ní bhíonn ceachtar aonad in ann amharc ar obair an aonaid eile ar bhonn fíor-ama. Tá an ceanglas atá ar GACU cead amhairc iomlán a bheith aige ar gach imscrúdú coiriúil agus araíonachta atá ar siúl ag brath ar chóras comhtháite nua bainistíochta cásanna a sholáthar. Cuireadh in iúl don fhoireann athbhreithnithe go bhfuil sé sin á fhorbairt faoi láthair. Ba cheart an tacaíocht TF sin a bhrostú.

7. Na Rialacháin fán Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (Alt 257) (Iompar), 2025; na Rialacháin fán Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (Caighdeáin Iompraíochta Gairmiúla), 2025; agus na Rialacháin fán Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 (Alt 256) (Feidhmíocht), 2025.

Ní úsáidfear an córas comhtháite bainistíochta cásanna sin chun faisnéis a chomhroinnt. Faoi láthair, tá GACU agus an tAonad Gnóthaí Inmheánacha ag brath ar fhaisnéis a bheith á próiseáil chuig na haonaid sin ó Sheirbhís Náisiúnta Faisnéise Coireachta agus Slándála an Gharda Síochána (GNCSIS). Cé go dtuairiscítear go bhfuil sé sin ag obair go héifeachtach faoi láthair, chuirfí feabhas ar an bpróiseas dá ndéanfaí córas faisnéise TF aonair a mbeadh rochtain chisealach ag gabháil leis a thabhairt isteach. Tuairiscítear go bhfuil sé sin á fhorbairt, agus ba cheart tús áite a thabhairt dó mar chóras criticiúil TF.

### Measúnú: Curtha Chun Feidhme go Páirteach

Tá ar GACU fós an fhreagracht eagraíochtúil as éilliú a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, teastaíonn ó GACU cead amhairc iomlán a bheith aige ar na himscrúduithe coiriúla agus araíonachta go léir atá ar siúl agus a bhaineann le pearsana an Gharda Síochána. Chun an próiseas cur chun feidhme a chur i gcrích, teastaíonn córas comhtháite bainistíochta cásanna a thabhairt isteach.

**Moladh 24**

Ba cheart don Gharda Síochána socruithe foirmiúla a fhorbairt le haghaidh comhroinnt fhrithpháirteach faisnéise idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus an tAonad Frith-Éillithe.

### Fionnachtana

Chuir an Garda Síochána dréacht-Mheabhrán Tuisceana (MOU) faoi bhráid GSOC i mí na Nollag 2024. Tar éis thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail i mí Aibreáin 2025, tá obair ag dul ar aghaidh chun teacht ar chomhaontú le Fiosrú maidir lena bhfuil ann. Níl an obair sin curtha i gcrích go fóill. Tosaíodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, an 2 Aibreán 2025 agus leagtar amach ann na ceanglais atá ar an nGarda Síochána agus ar Fiosrú araon. Suíodh san athbhreithniú seo go bhfuil dul chun cinn tapa á dhéanamh ar obair chun Meabhrán Tuisceana idir an dá eagraíocht a fhorbairt. Beidh sé mar aidhm leis sin comhroinnt faisnéise atá saoráideach agus cuí a chumasú agus a chumhachtú.

### Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Tá an Garda Síochána le leanúint de bheith i dteagmháil le Fiosrú maidir le socruithe le haghaidh comhroinnt fhrithpháirteach faisnéise a mhéid a bhaineann le cur i gcoinne bhagairt an éillithe. Measfar an moladh a bheith curtha chun feidhme nuair a bheidh an Meabhrán Tuisceana tugtha chun críche.

### Moladh 25

Ba cheart don Gharda Síochána acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don Aonad Frith-Éillithe chun foireann thiomnaithe faisnéise a chruthú a mbeidh freagracht uirthi as tuiscint straitéiseach agus theaicticiúil a fhorbairt ar bhagairtí éillithe laistigh den Gharda Síochána. Ba cheart bailiú na faisnéise frith-éillithe go léir a chomhordú agus cúraimí a shannadh ina leith, agus measúnú, faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na tuairiscí go léir ar éilliú inmheánach, a bheith ar áireamh leis sin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí bunachar sonraí faisnéise neamhspleách agus córas bainistíochta cásanna neamhspleách a chothabháil chun an fhaisnéis agus na cinntí sin a thaifeadadh ar mhaithe le leideanna inchreidte a scaipeadh le haghaidh imscrúdú nó idirghabháil a dhéanamh.

## Fionnachtana

Tugadh feidhm faisnéise isteach agus cuireadh acmhainní ar fáil di. Bíonn sí ag brath ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad a bheith á comhroinnt ag GNCSIS, áfach. Cé nach bhfuil aon ábhair imní ann faoi láthair i ndáil leis sin, chuirfí feabhas ar an obair sin dá ndéanfaí córas comhtháite bainistíochta cásanna agus córas faisnéise TF aonair a mbeadh rochtain chisealach ag gabháil leis a thabhairt isteach. Níl ceachtar de na pacáistí TF sin i bhfeidhm, cé gur tuairiscíodh go raibh dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar an obair chun an córas bainistíochta cásanna a sholáthar.

## Measúnú: Curtha Chun Feidhme go Páirteach

Tá próifíl acmhainní i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach laistigh de GACU ó uair a bhunaithe i leith. A bhuí leis sin, bhíothas in ann feidhm faisnéise a bhunú. Ba cheart don Gharda Síochána acmhainniú na feidhme sin a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh go leor toillte ann chun freastal ar an éileamh amach anseo. Tá an gá le córas comhtháite bainistíochta cásanna frith-éillithe ina bhac ar chur chun feidhme go fóill.

### Moladh 26

Ba cheart don Gharda Síochána acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don Aonad Frith-Éillithe chun teacht leis an measúnú reatha ar riosca agus chun a chinntiú gur féidir leis an aonad sin imscrúduithe neamhspleácha araíonachta agus coiriúla a dhéanamh. Ba cheart na pearsana sin a roghnaítear chun gabháil d’imscrúduithe frith-éillithe a bheith ina mbleachtairí a bhfuil taithí acu agus ba cheart oiliúint shonrach frith-éillithe a bheith acu.

## Fionnachtana

Tá an moladh seo curtha chun feidhme agus tá sé ag baint an toraidh bheartaithe amach. Mar sin féin, meastar san athbhreithniú seo nach mór acmhainní agus athléimneacht an aonaid a choinneáil faoi athbhreithniú chun inbhuanaitheacht a chinntiú chun freastal ar an éileamh amach anseo. Áirítear leis sin an cumas chun imscrúduithe a dhéanamh go pras chun comhlíonadh a dhéanamh ar na ceanglais faoi Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine i ndáil leis an gceart chun triail chóir a fháil. Tá fianaise ann gur ghá tús áite a thabhairt d’imscrúduithe agus gur ghá iad a chur siar mar gheall ar acmhainní teoranta. Ní rud neamhchoitianta é sin in eagraíochtaí forfheidhmithe dlí ina mbíonn gá i gcónaí le himscrúduithe a chur in ord tosaíochta de réir riosca.

Sa suirbhé, iarradh ar fhreagraithe a chur in iúl cé chomh muiníneach agus atá siad as cumas a n-eagraíochta chun teagmhais éagóiritheoireachta a bhrath, a imscrúdú agus a bhainistiú go cuí. Maidir leis an gcéatadán de fhreagraithe is gardaí faoi oiliúint a bhí ‘muiníneach’ nó ‘an-

mhuiníneach' as cumas an Gharda Síochána chun éagóiritheoireacht a imscrúdú agus a bhainistiú, b'ionann é agus 87 faoin gcéad i gcás Ghrúpa A agus b'ionann é agus figiúr comhchosúil i gcás na bhfreagraithe eile is gardaí faoi oiliúint i nGrúpa B. Mar sin féin, thit an leibhéal muiníne go 53 faoin gcéad i gcás na bpearsanra oibríochtúla a bhfuil taithí acu i nGrúpa C. Taispeántar na sonraí sin i bhFíor 9 agus léirítear iontu go bhfuil níos lú muiníne ag freagraithe a bhfuil seirbhís níos faide acu as cumas na heagraíochta chun éagóiritheoireacht a imscrúdú.


***Fíor 9:*** *An céatadán de rannpháirtithe sa suirbhé a bhfuil muinín acu as cumas an Gharda Síochána chun teagmhais éagóiritheoireachta a bhrath, a imscrúdú agus a bhainistiú go cuí*

| Muinín as éagóiritheoireacht a imscrúdú | An-mhuiníneach | Muiníneach | Amhrasach | An-amhrasach |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa A** – Oiliúnaithe nua | 23% | 64% | 12% | 1% |
| **Grúpa B** – Oiliúnaithe a imscaradh go hoibríochtúil | 11% | 75% | 14% | 0% |
| **Grúpa C** – Pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu | 10% | 43% | 30% | 17% |
| **Foriomlán** | **15%** | **57%** | **20%** | **8%** |

**Foinse:** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

Cuireadh ceist ar na trí ghrúpa go léir faoina leibhéal muiníne go ndéileálfadh an eagraíocht le tuairisc go gairmiúil, go rúnda agus go dícheallach dá labhródh siad amach chun éagóiritheoireacht a thuairisciú. Bhí an mhuinín a chuir na pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu i nGrúpa C (51%) in iúl níos lú ná an mhuinín a chuir na gardaí faoi oiliúint i nGrúpa A agus i nGrúpa B araon (86% agus 92%) in iúl. Féach Fíor 10 le haghaidh na dtorthaí.

***Fíor 10:*** *An céatadán de na freagraithe a bhí muiníneach go ndéileálfaí le tuairisc go gairmiúil, go rúnda agus go dícheallach*




**Foinse:** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

**Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

### Moladh 27

Ba cheart don Roinn Dlí agus Cirt an creat reachtúil riachtanach a chur chun feidhme, i gcomhréir le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a bhaineann le himscrúdú neamhspleách éifeachtach, chun a chinntiú go dtarchuirtear le haghaidh imscrúdú neamhspleách gach cás iompair a bhaineann le foréigean gnéasach nó le hanúsáid cumhachta chun críche gnéasaí a eascraíonn as na gníomhartha de chuid comhalta d'fhórsa saothair an Gharda Síochána atá ag gníomhú ina c(h)áil ghairmiúil, rud a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le sárú ar chearta duine aonair faoi Airteagal 2 nó Airteagal 3 den Choinbhinsiún.

**Fionnachtana**

Foráiltear le halt 203 den Acht do mhíniú leathnaithe ar cad is díobháil thromchúiseach ann, rud lena gcuirtear iallach ar an gCoimisinéir aon ní a tharchur chuig Fiosrú, is ní ar dealraitheach go dtugtar le fios leis go bhféadfadh sé gur tharla bás duine, nó díobháil thromchúiseach do dhuine, de dheasca gníomh nó neamhghníomh a rinne comhalta de phearsanra an Gharda Síochána. Tá díobháil thromchúiseach leagtha amach go soiléir in alt 193 den Acht, agus tagraítear go follasach ann do chionta gnéasacha agus d'anúsáid cumhachta chun críche gnéasaí.

**✓ Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

### Moladh 28

Ba cheart don Gharda Síochána a chinntiú go ndéanfaidh an tAonad Frith-Éillithe straitéis cumarsáide seachtraí agus inmheánaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hanúsáid cumhachta chun críche gnéasaí chun feasacht a mhúscailt agus chun tuairisciú iompraíochta amhrasaí a spreagadh.

**Fionnachtana**

Rinneadh straitéis cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme. An Beartas maidir le Teorainneacha Gairmiúla agus le hAnúsáid Cumhachta chun Críche Gnéasaí, agus nósanna imeachta gaolmhara, rinneadh iad a athbhreithniú agus a nuashonrú trí huaire óna gcur chun feidhme i leith. Fuarthas amach san athbhreithniú seo gurbh ann do chumarsáid fhairsing trí mheáin éagsúla agus gur baineadh úsáid aisti sin chun feasacht a chinntiú ar fud na heagraíochta. Rud ba dhéanaí fós, is téama é seo i gcruinnithe faisnéise GACU do gach ball foirne.

**✓ Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

### Moladh 29

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéis chun tuairisciú éagóiritheoireachta a spreagadh. Áirítear leis sin úsáid agus cur chun cinn a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Nochtadh Cosanta.
- An Clár um Ionracas san Áit Oibre.
- Línte rúnda agus córais rúnda le haghaidh tuairisciú gan ainm.

**Fionnachtana**

Tá straitéis forbartha agus curtha chun feidhme. Roimhe sin, sa bhliain 2017, shínigh an Garda Síochána gealltanas um Ionracas san Áit Oibre le Transparency International Ireland. Tá sé sin ar cheann amháin de roinnt bealaí a cuireadh in iúl do chomhaltaí agus do bhaill foirne mar bhealaí atá ar fáil chun éagóiritheoireacht a thuairisciú. Athbhreithníodh an beartas sin de réir

mar ba ghá agus cuireadh in iúl é ar fud na heagraíochta. Chuir 58 faoin gcéad de na freagraithe ar an suirbhé in iúl gurbh eol dóibh an difríocht idir gearán agus nochtadh cosanta agus conas gearán nó nochtadh cosanta a dhéanamh nó conas faisnéis a fháil faoi conas déanamh amhlaidh. Sainaithníodh in anailís ar na freagraí ar an suirbhé go dtuairisceodh 96 faoin gcéad de na freagraithe éagóiritheoireacht dá dtiocfadh siad ar an eolas fúithi. Mar sin féin, tá difríocht shoiléir ann idir na gardaí faoi oiliúint i nGrúpaí A agus B i gcomparáid leis na pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu i nGrúpa C.

Ina theannta sin, chuir formhór na bhfreagraithe in iúl gur dhóichí gur dá maoirseoir a thabharfadh siad aon tuairisc, rud a léiríonn cé chomh tábhachtach agus atá ról an mhaoirseora agus atá an mhaoirseacht laistigh den eagraíocht. Léirítear i bhFíor 11 na freagraí ó na trí ghrúpa suirbhé ar leithligh.

***Fíor 11:*** *An céatadán de rannpháirtithe sa suirbhé a thuairisceodh éagóiritheoireacht*

| Ábhair imní éagóiritheoireachta a thuairisciú | Thuairisceoinn |
|---|---|
| **Grúpa A** – Oiliúnaithe nua | 98% |
| **Grúpa B** – Oiliúnaithe a imscaradh go hoibríochtúil | 100% |
| **Grúpa C** – Pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu | 92% |
| **Foriomlán** | **96%** |

***Foinse:*** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

**Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

**Moladh 30**

Ba cheart don Gharda Síochána a chinntiú go mbeidh cead amhairc ag an Aonad Frith-Éillithe ar gach tuairisc éagóiritheoireachta, lena n-áirítear nochtaí cosanta atá á mbainistiú ag an nGarda Síochána, chun tuiscint iomlánaíoch ar an riosca laistigh den eagraíocht a chinntiú.

## Fionnachtana

Déanann GPSU an Nochtadh Cosanta a bhainistiú go héifeachtach, ach cuirtear cosc leis an reachtaíocht ar chomhroinnt faisnéise maidir leis an ábhar rúnda sin. Tá cead amhairc ag an gCoimisinéir Cúnta ar a bhfuil freagracht as Rialachas agus Cuntasacht ar gach cineál éagóiritheoireachta, lena n-áirítear tuairiscí a dhéantar trí Nochtadh Cosanta. Tríd an oifig seo, coimeádtar GACU, an tAonad Gnóthaí Inmheánacha agus an tAonad Caighdeán Gairmiúil ar an eolas de réir mar is cuí ar aon fhaisnéis a bhaineann lena réimse gnó. Níor aimsíodh aon rud san athbhreithniú a thabharfadh a mhalairt le fios.

**Measúnú: Curtha Chun Feidhme**

### Moladh 31

Ba cheart don Gharda Síochána freagracht a shannadh don Aonad Frith-Éillithe as faireachán a dhéanamh ar gach ceann de na beartais frith-éillithe agus na cláir frith-éillithe, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil dearbhuithe eiticiúla. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh leis sin:

- ➜ Bronntanais, fáilteachas agus urraíocht.
- ➜ Ceangail infhógartha.
- ➜ Coinbhleachtaí leasa.
- ➜ Leasanna gnó agus fostaíocht thánaisteach.
- ➜ Eitic in oifigí poiblí.
- ➜ Gníomhaíocht iarfhostaíochta.

## Fionnachtana

Fuarthas san athbhreithniú roinnt beartas atá curtha i bhfeidhm nó atá sannta do GACU. Mar sin féin, tá roinnt beartas á bhforbairt fós laistigh de GACU agus níl siad críochnaithe go fóill. Léirítear stádas an bheartais agus an fhreagracht shannta i bhFíor 12.

***Fíor 12:*** *Stádas gach Beartais*

| Beartas | An bhfuil beartas i bhfeidhm? | An bhfuil freagracht sannta do GACU? |
|---|---|---|
| Bronntanais, Fáilteachas agus Urraíocht | Tá | Níl |
| Ceangail Infhógartha | Níl | Tá |
| Coinbhleachtaí Leasa | Níl | Tá |
| Leasanna Gnó agus Fostaíocht Thánaisteach | Níl | Tá |
| Eitic in Oifigí Poiblí | Tá | Tá |
| Gníomhaíocht Iarfhostaíochta | Níl | Níl |

***Foinse:*** *An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

Is gá dul chun cinn a dhéanamh ar na beartais sin agus iad a chur chun feidhme chun na torthaí straitéiseacha a sainaithníodh i dtuarascáil GSI a bhaint amach. Ceanglófar ar GACU sásraí faireacháin a chur chun feidhme de réir mar a dhéantar beartais a thabhairt isteach agus a shannadh dó.

## ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Tráth an athbhreithnithe seo, níl gach beartas curtha chun feidhme nó sannta do GACU go fóill.

## 4.5 Caibidil 5 – Tionchar an Éillithe a Laghdú

Ní mór a chur san áireamh sa fhreagairt póilíneachta do bhagairtí éillithe sheachtraigh go ndéanfaidh siad siúd a fhéachann le leochaileachtaí eagraíochtúla a dhúshaothrú leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus dul i dtaithí ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn. Fágann sé sin nach mór don Gharda Síochána dul i ngleic leis na tosca seachtracha nó pearsanta do bhaill foirne atá ann cheana, amhail fiachas, andúil substaintí nó ceangail mhíchuí, agus le tosca inmheánacha amhail maoirseacht lag nó cultúr bog, rud a mhéadaíonn an dóchúlacht go dtabharfaidh a phearsanra faoi éilliú.

**Moladh 32**

Ba cheart don Gharda Síochána forbairt, foilsiú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar chlár struchtúrtha luath-idirghabhála agus tacaíochta chun na comhaltaí sin den fhórsa saothair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an éillithe a shainaithint agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

### Fionnachtana

Tuairiscítear go bhfuil grúpa oibre á thionól chun dul chun cinn a dhéanamh ar an moladh seo. Na cruinnithe faisnéise a soláthraíonn Foireann Ionracais GACU iad ar fud na seirbhíse, tá siad ceaptha chun an fórsa saothair a spreagadh chun labhairt amach agus chun a mhothú go bhfuil tacaíocht á fáil acu. Mar sin féin, fiafraíodh sa suirbhé a rinneadh mar chuid den athbhreithniú an méid seo a leanas de na freagraithe: *'Dá mothóinn go bhfuilim i mbaol an éillithe nó na héagóiritheoireachta go pearsanta, mheasfainn gur áit mhaith chun tacaíocht a fháil í m'eagraíocht'*.

Cé gur thug 88 faoin gcéad de na gardaí faoi oiliúint i nGrúpaí A agus B freagra dearfach, thit an figiúr sin go 54 faoin gcéad i gcás na bpearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu i nGrúpa C.

Aimsíodh dea-chleachtas ar fud na rannán maidir le hidirghabhálacha praiticiúla. Sa chuid is mó de chásanna, labhair maoirseoirí go príobháideach le duine agus spreag siad an duine sin chun glacadh le tacaíocht chun fadhb a réiteach. Tá an struchtúr sin neamhfhoirmiúil agus ag brath ar stíl cheannaireachta an duine aonair.

Iarradh sa suirbhé ar rannpháirtithe na rioscaí a d'fhéadfadh a chur i mbaol an éillithe iad a lua. I dteannta a chéile, d'aontaigh 95 faoin gcéad de na freagraithe go raibh siad ar an eolas faoi cheann amháin nó níos mó ar a laghad de na rioscaí a chuirfeadh i mbaol an éillithe iad. Léirítear i bhFíor 13 na freagraí is coitianta a tugadh.

*Fíor 13: Rioscaí ar luaigh freagraithe ar an suirbhé iad.*




**Foinse:** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

### ✗ Measúnú: Gan a bheith Curtha Chun Feidhme

Tugann an fhaisnéis go bhfuil grúpa oibre á thionól le fios nach bhfuil tús curtha leis an obair ar an moladh seo go fóill. Tá gá le cleachtadh scóipe chun bonn eolais a chur faoi chlár luath-idirghabhála agus tacaíochta a fhorbairt. Ansin, teastaíonn plean um thabhairt isteach chuige sin, rud is gá a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

**Moladh 33**

Ba cheart don Gharda Síochána athbhreithnithe foirmiúla a dhéanamh ar chásanna éillithe agus éagóiritheoireachta tromchúisí chun tuiscint a ghnóthú ar na tosca sin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le riosca éillithe agus ansin straitéisí cuí a fhorbairt chun atarlú a chosc.

### Fionnachtana

Tá an grúpa oibre 'Ag Foghlaim na gCeachtanna' bunaithe. Cuireadh líon teoranta cásanna chun críche sa chúirt. Dá bhrí sin, bhí srian leis an gcumas chun ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna a chur in iúl. Tá pleananna i bhfeidhm chun athbhreithnithe a dhéanamh ar phróisis ceartais choiriúil atá le teacht a chur i gcrích. Scaipeadh ocht nuachtlitir ráithiúla ar fud na heagraíochta. Cuireadh iad sin le tairseach inmheánach an Gharda Síochána freisin, mar aon le haon chás-staidéir anaithnidithe atá ar fáil.

### ✓ Measúnú: Curtha Chun Feidhme

### Moladh 34

Ba cheart don Gharda Síochána straitéis cumarsáide frith-éillithe a chur chun feidhme, rud lena n-áireofaí na fionnachtana ó éisteachtaí inmheánacha araíonachta, na ceachtanna foghlamtha, agus cás-staidéir oiriúnacha fíorshaoil mar bhunús do phacáistí oiliúna agus faisnéisithe amach anseo.

An fhoghlaim eagraíochtúil a tharraingítear ó threochtaí idirnáisiúnta agus ó imscrúduithe inmheánacha, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus comhlachtaí rialála eile, ba cheart í a scaipeadh.

## Fionnachtana

Rinneadh iarracht shuntasach an fhoghlaim ó chásanna a ndearna an GACU imscrúdú orthu a chur in iúl. Chomh maith leis na cruinnithe faisnéise agus na cás-staidéir atá mionsonraithe i Moladh 33, buaileann GACU le hOifigigh Idirchaidrimh shannta ACU (ceannfoirt PAFA) ar bhonn tráthrialta freisin chun cumarsáid leantach a chinntiú. Léirigh an t-ard-cheannfort agus an fhoireann PAF sna rannáin go léir ar tugadh cuairt orthu go raibh éascaíocht agus caoithiúlacht ann maidir le rochtain ar GACU, ar an Aonad Gnóthaí Inmheánacha agus ar GPSU agus maidir le teagmháil a dhéanamh leo.

Fuarthas san athbhreithniú samplaí de dhea-obair ar thionscain foirne PAF í chun comhlíonadh beartais a chinntiú i réimsí ar tarraingíodh aird orthu i dtuarascáil na bliana 2020, amhail cásanna ar scoireadh díobh. Cé go bhfoilsíonn GPSU plean gnó bliantúil, díríonn na ceannfoirt PAFA a gcuid oibre iniúchta agus athbhreithnithe ar réimsí soláthair seirbhíse a shainaithnítear laistigh de rannáin mar rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tá roinnt comóntachta ann san obair a dhéanann foirne GPSU agus PAF, cé go gcomhroinnfidh GPSU a fhionnachtana. Ar an taobh eile, níl aon sásra ann d'fhoirne PAF chun dea-chleachtas a chomhroinnt lena gcomhghleacaithe i rannáin eile. Dá réir sin, tá fiúntas ag baint le ról agus obair GPSU agus ról agus obair na gceannfort PAFA a ailíniú go straitéiseach, agus díriú á leagan ar fheabhas a chur ar dhíriú frithpháirteach ar fheidhmíocht, ar iniúchóireacht, ar athbhreithniú agus ar sholáthar seirbhíse. Dá réir sin, moltar san athbhreithniú seo gurbh amhlaidh, mar chuid den phróiseas sin, ba cheart do GPSU gníomhú chun réamhphleanáil a dhéanamh go mion ar obair iniúchóireachta agus dearbhaithe ag foirne PAF in éineacht le plean gnó GPSU agus gur cheart do GPSU seimineáir thráthrialta do cheannfoirt PAFA a éascú chun comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtais a chur chun cinn.

Déanann GACU agus an tAonad Gnóthaí Inmheánacha athbhreithniú ar chásanna éillithe agus éagóiritheoireachta. Rinneadh achoimrí ar a lán cásanna, agus scaipeadh na hachoimrí sin ar aonaid ar fud na heagraíochta trí nuachtlitreacha 'ceachtanna foghlamtha'. D'aontaigh 90 faoin gcéad ar an meán de na gardaí faoi oiliúint i nGrúpaí A agus B gur cuireadh in iúl go héifeachtach na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann le héagóiritheoireacht a chosc nó a thuairisciú. Thit an figiúr sin go 60 faoin gcéad i gcás na bpearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu i nGrúpa C a thug freagra. Léirítear i bhFíor 14 na torthaí ón gceist sin.

*__Fíor 14:__ An céatadán de fhreagraithe ar an suirbhé a chreideann go gcuirtear príomhtheachtaireachtaí in iúl go héifeachtach*

| Cumarsáid Éifeachtach maidir le Frith-Éilliú | Aontaím go mór | Aontaím | Easaontaím | Easaontaím go mór |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa A** – Oiliúnaithe nua | 28% | 63% | 8% | 1% |
| **Grúpa B** – Oiliúnaithe a imscaradh go hoibríochtúil | 26% | 63% | 11% | 0% |
| **Grúpa C** – Pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu | 11% | 49% | 29% | 11% |
| **Foriomlán** | **20%** | **57%** | **18%** | **5%** |

**Foinse:** *Suirbhé an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail*

### Measúnú: Curtha Chun Feidhme

Mar sin féin, tá fiúntas ag baint le GPSU a bheith i mbun comhordú a dhéanamh ar an iniúchadh agus athbhreithniú ar an sceideal bliantúil atá le déanamh aigesean agus ag ceannfoirt PAFA ar fud na rannán uile, agus a bheith i mbun imeachtaí tráthrialta comhroinnte eolais a éascú chun comhroinnt faisnéise agus dea-chleachtais a chur chun cinn.

# Aguisín A – Téarmaí Tagartha

**Téarmaí Tagartha**
**Tuarascáil Iar-Chur Chun Feidhme ó Chigireacht an Gharda Síochána**
***An Tuarascáil 'Countering the Threat of Internal Corruption'***

De réir alt 117(2)(a) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, measann Cigireacht an Gharda Síochána gur cuí athbhreithniú iarchur chun feidhme a dhéanamh ar Thuarascáil na bliana 2020 dar teideal *'Countering the Threat of Internal Corruption'*.

Tá sé mar aidhm leis sin:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí 3, 4, 7, 11, 25, 28 agus 30 ar shainaithin an Garda Síochána iad mar mholtaí atá curtha chun feidhme, agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá siad ag baint a dtoraidh bheartaithe amach nó nach bhfuil; agus
- Measúnú a dhéanamh ar an méid a rinneadh dul chun cinn ar na moltaí atá fágtha.

Ar aon dul le hoibleagáidí na Cigireachta faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, déanfar measúnú san athbhreithniú seo ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir lena Dhualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh.

# Aguisín B – Achoimre ar an Suirbhé

**Freagraí Achoimre Comhdhlúite ar an Suirbhé**
**Iúil–Lúnasa 2025**

- **Grúpa A:** Earcaigh nua atá ina gcéad seachtainí i gColáiste an Gharda Síochána.
- **Grúpa B:** Oiliúnaithe atá cuid den bhealach trína gcuid oiliúna agus a bhfuil a n-imscaradh oibríochtúil i rannáin críochnaithe acu.
- **Grúpa C:** Pearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu i rannáin agus sa Bhiúró um Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach.

Oibríonn thart ar 3,000 comhalta sna ceithre rannán agus sa Bhiúró um Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach, ar chomhlánaigh 160 comhalta díobh ár suirbhé (5.3%). Chomhlánaigh 202 gharda faoi oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána san iomlán an suirbhé, figiúr ab ionann agus breis agus 50 faoin gcéad dá gcohóirt ranga faoi seach.

Bhí an ráiteas seo a leanas mar réamhrá leis na ceisteanna:

> ‘tá gach freagra gan ainm agus níl aon bhealach againn chun aon duine agaibh a aithint, agus iarraimid oraibh é sin a chur san áireamh freisin agus bhur bhfreagraí á gcur isteach agaibh. Ní féidir linn tuiscint chríochnúil a fháil ach amháin le bhur n-ionchur ionraic. Mar sin, gabhaimid buíochas libh roimh ré as bhur rannpháirtíocht.’

**Ceist 1**


Táim ag obair don Gharda Síochána ar feadh:

| | Grúpa A | Grúpa B | Grúpa C | Foriomlán |
|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná 5 bliana | 100% | 99% | 15% | **62%** |
| 5–10 bliain | 0% | 1% | 20% | **9%** |
| 10–20 bliain | 0% | 0% | 24% | **11%** |
| Níos mó ná 20 bliain | 0% | 0% | 41% | **18%** |
| **Líon** | **126** | **76** | **160** | **362** |

## Ceist 2


Tá modúl oiliúna GETS[1] ar fhrith-éilliú críochnaithe agam:

1 GETS: Córas Oideachais agus Oiliúna an Gharda Síochána





## Ceist 3

Tá oiliúint agus/nó faisnéis bhreise faighte agam ón nGarda Síochána maidir le héilliú:




## Ceist 4

Tá tuiscint shoiléir agam ar an difríocht idir cad is gearán ann agus cad is nochtadh cosanta ann:




## Ceist 5

Tá a fhios agam conas nochtadh cosanta a dhéanamh, nó táim muiníneach go bhféadfainn faisnéis a fháil go héasca faoi conas nochtadh cosanta a dhéanamh:




## Ceist 6

Tá sé amhlaidh nach ndéanfainn éagóiritheoireacht a thuairisciú ná nochtadh cosanta a dhéanamh ach amháin gan ainm a thabhairt:

| | Grúpa A | Grúpa B | Grúpa C | Foriomlán |
|---|---|---|---|---|
| Tá | 42% | 47% | 48% | **46%** |
| Níl. Bheinn sásta tuairisc a thabhairt fiú mura mbeadh anaithnideacht ráthaithe | 55% | 50% | 44% | **49%** |
| Níl. Ní thabharfainn tuairisc faoi aon imthosca | 3% | 3% | 8% | **5%** |
| **Líon** | **126** | **76** | **160** | **362** |

## Ceist 7

An bhfuil sé amhlaidh gur cheart don Gharda Síochána grinnfhiosrúchán inghairme a thabhairt isteach do chomhaltaí agus do baill foirne?



## Ceist 8

Táim ar an eolas faoi na cineálacha rioscaí a chuirfeadh duine aonair i mbaol an éillithe/ an díshaothraithe ag coirpigh mar gheall ar a p(h)ost mar phearsanra de chuid an Gharda Síochána:

| | Grúpa A | Grúpa B | Grúpa C | Foriomlán |
|---|---|---|---|---|
| Aontaím go mór | 27% | 34% | 48% | **38%** |
| Aontaím | 65% | 61% | 48% | **57%** |
| Easaontaím | 7% | 3% | 3% | **4%** |
| Easaontaím go mór | 1% | 3% | 1% | **1%** |
| **Líon** | **126** | **76** | **160** | **362** |

## Ceist 9

Liostaigh samplaí de na rudaí a chuirfeadh comhalta i mbaol an éillithe.


Luadh saincheisteanna airgeadais, fiachas nó andúil i bhformhór mór na bhfreagraí. Chomh maith leis sin, luaigh freagraithe bagairtí ar bhaill teaghlaigh agus rioscaí a bhaineann le caidrimh mhíchuí, bíodh siad ina gcaidrimh rómánsúla nó ina gcairdis, le híospartaigh na coireachta nó le daoine a bhfuil baint acu leis an gcoiriúlacht.

Sa néal focal thíos, gabhtar éirim na bhfreagraí ar Cheist 9, agus focail mhóra le feiceáil níos minice sna freagraí ná focail bheaga.



## Ceist 10

Tá a fhios agam go ndéileálfadh an eagraíocht leis go gairmiúil, go rúnda agus go dícheallach dá labhróinn amach chun éagóiritheoireacht a thuairisciú:




## Ceist 11

Bheinn sásta labhairt amach agus tuairisc a thabhairt ar éagóiritheoireacht a rinne:

| Cuir tic le gach ceann atá ábhartha | Grúpa A | Grúpa B | Grúpa C | Foriomlán |
|---|---|---|---|---|
| Mo chomhghleacaithe oifige/foirne/ aonaid | 80% | 91% | 73% | **79%** |
| Comhaltaí agus baill foirne eile | 74% | 78% | 69% | **72%** |
| An lucht ardbhainistíochta | 64% | 63% | 62% | **63%** |
| Mo mhaoirseoir | 63% | 68% | 65% | **65%** |
| Gan aon cheann de na roghanna thuas | 2% | 1% | 7% | **4%** |
| Ní bheinn sásta labhairt amach agus tuairisc a thabhairt ar éagóiritheoireacht | 5% | 3% | 14% | **8%** |
| **Líon** | **126** | **76** | **160** | **362** |

- Ní thuairisceodh 31 duine de 362 dhuine aonair (8 faoin gcéad) éagóiritheoireacht;
- Thuairisceodh 90 duine (25 faoin gcéad) de na freagraithe ar na catagóirí uile atá liostaithe;
- Thuairisceodh 20 duine (5 faoin gcéad) díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu ar chomhghleacaithe, ach ní thuairisceodh siad ar chomhghleacaithe atá ag céim níos airde

## Ceist 12


Tabhair cúiseanna le do fhreagra, le do thoil.

Léirítear sna freagraí ó oiliúnaithe feasacht shoiléir ar na freagrachtaí eiticiúla atá ar chomhaltaí as seasamh leis an dlí, agus áirítear le formhór na bhfreagraí ó chomhaltaí a bhfuil taithí acu agóid phrionsabálta i gcoinne na héagóiritheoireachta nó an éillithe. Mar sin féin, ba léir go raibh feasacht ann go bhféadfadh go mbeadh tionchar ag éagóiritheoireacht a thuairisciú ar dhul chun cinn gairme an tuairisceora amach anseo. Is léir go bhfuil iontaoibh láidir ag na cohóirt oiliúnaithe ina maoirseoirí díreacha. Téama a tháinig chun cinn, go háirithe i nGrúpa C, is ea easpa feasachta ar chainéil inmheánacha rúnda agus/nó anaithnide le haghaidh éagóiritheoireacht a thuairisciú, nó easpa iontaoibhe sna cainéil sin, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca neamhaird a dhéanamh de mhionfhadhbanna nó iarracht a dhéanamh iad a réiteach laistigh den aonad, seachas tuairisc oifigiúil a thabhairt.

Luaigh na trí ghrúpa uile eagla roimh dhíoltas, ar dá bharr a chruthaítear cur suas cultúrtha le leibhéal áirithe éagóiritheoireachta. Téama soiléir a tháinig chun cinn ar fud na bhfreagraí is ea feasacht ar na torthaí diúltacha do phearsana nó sceithirí a thuairiscigh san am atá thart.

## Ceist 13

Cé chomh muiníneach agus atá tú as cumas d'eagraíochta chun teagmhais éagóiritheoireachta a bhrath, a imscrúdú agus a bhainistiú go cuí?




## Ceist 14

Tabhair cúiseanna le do fhreagra, le do thoil.


Thit na freagraí go soiléir ina dhá ngrúpa – iad siúd a bhfuil muinín acu as freagairt na heagraíochta don éilliú agus iad siúd nach bhfuil muinín acu aisti. Tagairtí don eispéireas a bhí ag sceithirí a raibh poiblíocht mhaith faighte acu san am atá thart agus tagairtí do chásanna ceilte braite, bhí codarsnacht idir iad sin agus daoine eile a chuir muinín in iúl go ndéileálfadh an eagraíocht go dícheallach, nó go ródhíograiseach, b'fhéidir, le haon choiriúlacht. Léirigh formhór

na n-earcach nua (Grúpa A) feasacht ar fhadhbanna éillithe níos leithne a bheith ann; luann oiliúnaithe (Grúpa B) rúin oscailte agus cur suas le hiompraíochtaí áirithe agus/nó le daoine aonair áirithe; tá formhór na bpearsana oibríochtúla a bhfuil taithí acu (Grúpa C) ar an eolas faoi iompraíocht neamh-chomhsheasmhach agus tá siad prionsabálta ina seasamh ina coinne sin, ach tá eagla orthu roimh dhíoltas.

Tugadh a lán samplaí ainmnithe agus scéilíní pearsanta lena gceistítear an dóigh ar caitheadh le tuairiscí éagóiritheoireachta roimhe sin nó ar an dóigh ar bainistíodh iad. Rinneadh tagairtí iomadúla d'aistrithe/d'athshannadh nó d'ardú céime na ndaoine a mheas bainisteoirí a bheith fadhbach. Bhí amhras ar a lán freagraithe faoin dóigh a láimhseáiltear imscrúduithe inmheánacha, agus cháin siad cáilíocht na n-imscrúduithe. Cuireadh cáineadh in iúl faoi fhad an fhionraí agus faoin neamhréireacht idir tionchar an phionóis ar Chomhaltaí agus tionchar na héagóiritheoireachta. Chomh maith leis sin, tugadh roinnt samplaí d'éagóiritheoireacht a bheith á láimhseáil go cuí, rud a dúradh a chuireann daoine ar a suaimhneas agus a chothaíonn muinín as na struchtúir atá i bhfeidhm.

**Ceist 15**

Dá mothóinn go bhfuilim i mbaol an éillithe nó na héagóiritheoireachta go pearsanta, mheasfainn gur áit mhaith chun tacaíocht a fháil í m'eagraíocht:



## Ceist 16

Dá mothóinn go bhfuilim i mbaol an éillithe nó na héagóiritheoireachta go pearsanta, d’iarrfainn tacaíocht laistigh de m’eagraíocht uathu seo a leanas:

| Cuir tic le gach ceann atá ábhartha | Grúpa A | Grúpa B | Grúpa C | Foriomlán |
|---|---|---|---|---|
| Comhghleacaithe | 73% | 66% | 39% | **57%** |
| Maoirseoir | 64% | 62% | 46% | **56%** |
| An Lucht Ardbhainistíochta | 52% | 32% | 23% | **35%** |
| An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe | 49% | 47% | 34% | **42%** |
| Gan aon cheann de na roghanna thuas. Ní lorgóinn tacaíocht go hinmheánach | 3% | 4% | 20% | **11%** |
| Eile (tabhair sonraí) | 4% | 5% | 11% | **7%** |
| **Líon** | **126** | **76** | **160** | **362** |

**Tabhair faoi deara:** Meastar gur clár seachtrach é an Clár Cúnaimh d’Fhostaithe (clár Státseirbhíse atá ar fáil do Chomhaltaí agus baill foirne an Gharda Síochána).

Chuir formhór na bhfreagraithe tic le níos mó ná freagra amháin. Mar shampla, thuairisceodh 24 faoin gcéad díobh do chomhghleacaithe agus/nó do mhaoirseoir agus thuairisceodh 3 faoin gcéad díobh don lucht ardbhainistíochta ach ní dá gcomhghleacaithe agus/ná dá maoirseoir.

## Ceist 17

Mura lorgófá tacaíocht nó má roghnaigh tú ‘eile’, tabhair míniú gairid ar do fhreagra, le do thoil:

Thug 59 bhfreagraí (22%) san iomlán tuilleadh faisnéise mar fhreagra ar an gceist seo, rud a léirigh nach lorgódh siad tacaíocht go hinmheánach dá mothódh siad go bhfuil siad i mbaol an éillithe. I measc na bhfreagraí, ba théama soiléir a tháinig chun cinn i nGrúpa C é an claonadh i dtreo béadáin laistigh den eagraíocht agus easpa rúndachta, rud ba chúis le heaspa iontaoibhe i gcainéil oifigiúla agus i bpróisis oifigiúla. I ngach grúpa, tá feasacht ann gur mífholláin atá an cultúr dílseachta atá i réim in ionad cultúr ionracais. Luaigh roinnt freagraithe cainéil mhalartacha, mar shampla a gcumann ionadaíoch nó a gceardchumann, baill teaghlaigh agus cairde, nó teiripe phríobháideach. Mar sin féin, measadh i bhformhór na bhfreagraí sin gur mó an riosca a bhaineann le stiogma féideartha nó an tionchar ar chlú pearsanta nó ar dhul chun cinn gairme ná na rioscaí a bhaineann le leochaileacht i leith an éillithe.

## Ceist 18

Dá mbeadh ábhar imní agam faoi éagóiritheoireacht i gcoitinne, thuairisceoinn m'ábhar imní dóibh seo a leanas:

| Cuir tic le gach ceann atá ábhartha | Grúpa A | Grúpa B | Grúpa C | Foriomlán |
|---|---|---|---|---|
| Maoirseoir | 75% | 78% | 60% | **69%** |
| An Lucht Ardbhainistíochta | 52% | 28% | 29% | **36%** |
| An tAonad Frith-Éillithe | 38% | 30% | 24% | **30%** |
| An tAonad Gnóthaí Inmheánacha | 25% | 14% | 10% | **16%** |
| An tAonad um Nochtadh Cosanta | 25% | 18% | 16% | **20%** |
| Comhlacht Seachtrach Cuí | 5% | 3% | 8% | **6%** |
| Comhghleacaí | 37% | 42% | 23% | **32%** |
| Gan aon cheann de na roghanna thuas | 1% | 0% | 9% | **4%** |
| Ní thuairisceoinn | 2% | 0% | 8% | **4%** |
| **Líon** | **126** | **76** | **160** | **362** |

## Ceist 19


Más rud é gurbh é 'Comhlacht Seachtrach Cuí' nó 'Ní thuairisceoinn' do fhreagra, tabhair tuilleadh faisnéise thíos, le do thoil:

Fuarthas 26 fhreagra san iomlán (10%), ar cuireadh tuairimí in iúl ina bhformhór agus ar ainmníodh ina leath comhlacht seachtrach a bhfuil spéis aige in éilliú an Gharda Síochána. Sa néal focal thíos, gabhtar éirim na bhfreagraí ar Cheist 19, agus focail mhóra le feiceáil níos minice sna freagraí ná focail bheaga.



## Ceist 20

Cuireann an Garda Síochána príomhtheachtaireachtaí a bhaineann le héagóiritheoireacht a chosc agus a thuairisciú in iúl go héifeachtach ar fud na heagraíochta:




## Ceist 21

An bhfuil sé amhlaidh gur féidir leat sampla a thabhairt de theagmhas inar braitheadh éagóiritheoireacht agus de na 'Ceachtanna Foghlamtha' a chuir an Garda Síochána in iúl?

Ba é 'níl' an freagra ar an gceist seo i bhformhór na gcásanna, ach tugadh aird ar roinnt samplaí roimhe seo, agus formhór na n-oiliúnaithe ag tagairt do chás amháin go háirithe. Ba ann do 112 cheann den 260 freagra (43%) nach raibh 'nialas' ná 'níl' iontu nó nach raibh bán. Luadh ina lán cásanna nochtaí cosanta agus cásanna a bhain le hiar-Chomhaltaí, lena n-áirítear sceithire, iar-Choimisinéir, garda a ciontaíodh agus ar gearradh pianbhreith air i leith cionta a bhain le foréigean baile, teagmhas a bhain le rothar le linn phaindéim COVID-19, míreanna a bhaint go míchuí as stórais fianaise, glaonna 999 a chealú go míchuí, cionta tráchta a ghlanadh, faisnéis ó PULSE a chomhroinnt, orduithe foréigin baile, básanna faoi choimeád, agus admhálacha bréagacha nó comhéignithe.

Sa néal focal, gabhtar éirim na bhfreagraí ar Cheist 21, agus focail mhóra le feiceáil níos minice sna freagraí ná focail bheaga.



## Ceist 22


Tá teorainneacha gairmiúla i mo ról ag an obair tábhachtach mar gheall orthu seo ...

Léiríodh sna freagraí go dtuigtear go bhfuil teorainneacha gairmiúla ina dtairbhe, agus iad ag cosaint gach duine san áit oibre, beag beann ar chéim nó ar phost. Pléadh in an-chuid de na freagraí freisin na gnéithe poiblí de theorainneacha gairmiúla, go háirithe maidir le hidirghníomhaíochtaí míchuí le híospartaigh na coireachta nó le coirpigh.

## Ceist 23

Tabhair samplaí d'iompraíochtaí a d'fhéadfadh sárú ar theorainneacha gairmiúla a thabhairt le fios.

Tugadh raon leathan freagraí. Tugadh faoi deara go measann go leor de na hoiliúnaithe gur iompraíocht mhíchuí iad barróg a thabhairt do chomhoibrí agus mionsonraí pearsanta a róroinnt, ach nár luaigh na pearsana a raibh níos mó taithí oibríochtúla acu na hiompraíochtaí sin, rud a léirigh tairseach i bhfad níos airde maidir le sáruithe ar theorainneacha gairmiúla.



### Ceist 24

Cad a dhéanfá sa chás seo?

Thug comhalta a (h)uimhir theagmhála d'íospartach coireachta chun faisnéis agus tacaíocht a thabhairt i ndáil leis an gcás de réir mar is gá. Tá aithne ag an gcomhalta ar an íospartach toisc go n-oibríonn an t-íospartach sa phobal áitiúil, ach ní raibh aon teagmháil fhoirmiúil eatarthu riamh roimh an gcás seo. Dornán míonna tar éis dheireadh an cháis, déanann an t-íospartach teagmháil leis an gcomhalta agus tá an chuma air go bhfuil sé/sí ag iarraidh caidreamh rómánsúil a shaothrú.

Ba é an freagra ba choitianta sa chás seo ná labhairt go neamhfhoirmiúil le maoirseoir agus comhairle chineálta a thabhairt don íospartach gur cheart an caidreamh a choinneáil gairmiúil, agus comhalta eile ag teacht isteach mar phointe teagmhála nua, más gá. Mar sin féin, pléadh i roinnt freagraí imthosca an cháis aonair, amhail leochaileacht agus fad ama, ag argóint gur ní pearsanta é sin agus gur bhuail a lán comhaltaí lena bpáirtnéirí tríd an obair agus go bhfuil cur chuige cothrom ag teastáil ón eagraíocht i leith cásanna den sórt sin.

### Ceist 25

Cad a dhéanfá sa chás seo?

Tosaíonn tú á thabhairt faoi deara go dtagann comhghleacaí leat isteach san obair go mall go minic agus go mbíonn cuma mhíshlachtmhar air/uirthi. Tagraíonn sé/sí go minic don 'oíche mhall' a bhí aige/aici agus luann comhghleacaithe eile an boladh alcóil a bhíonn air/uirthi. Tá cairdeas agat leis an gcomhghleacaí sin, ach thug tú faoi deara go bhfuil meath tagtha ar an dóigh a dtugann an comhalta sin faoina d(h)ualgais.

Dúirt formhór na bhfreagraithe go rachadh siad i dteagmháil leis an gcomhghleacaí chun a n-ábhair imní a leagan amach agus chun tacaíocht a thairiscint dóibh dá mbeadh fadhb folláine ann. Dúirt a lán freagraithe a bhí den tuairim go raibh an iompraíocht ag dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht oibre agus ar sheirbhís don phobal go gcuirfeadh siad a n-ábhair imní in iúl do mhaoirseoir an chomhghleacaí.

### Ceist 26

Cad a dhéanfá sa chás seo?

Tá tú amhrasach go bhfuil comhalta eile ag taisceadh méideanna míreanna sa chlár drugaí agus sa stóras PEMS atá níos lú ná na méideanna a d'urghabh sé/sí le linn cuardach drugaí. Is eol duit é sin toisc go bhfuil tú cairdiúil le comhalta eile a oibríonn leis an gcomhalta sin, agus toisc go bhfuil na méideanna a urghabhadh, dar leis/léi, difriúil leis na méideanna atá cláraithe ar an gcóras.

Dhéanfadh gach freagraí, beagnach, an ní sin a thuairisciú láithreach mar gheall ar a chineál coiriúil (seachas é a bheith ina éagóiritheoireacht), agus bhaileodh roinnt díobh tuilleadh fianaise don tuairisc sin.

## Ceist 27

Cad a dhéanfá sa chás seo?

Tá cuideachta tarraingthe ag do dheartháir, agus tá sé tar éis an conradh áitiúil a fháil le haghaidh feithiclí arna n-urghabháil ag an nGarda Síochána a tharraingt, rud a dhéanann fostaí de chuid an Gharda Síochána de. Ní raibh aon bhaint agat leis an bpróiseas dámhachtana, agus níl aon ról agat i gcúraimí a chur ar an gcuideachta. Níl a fhios ag aon duine san áit oibre go bhfuil gaol agaibh le chéile agus, ar do bhreithlá, tugann do dheartháir dearbhán an-fhlaithiúil ó óstán áitiúil duit.

D'aontaigh an chuid is mó de na freagraithe gur bronntanas pearsanta é sin agus, dá bhrí sin, nach bhfuil baint ar bith aige le hobair an Gharda Síochána. Phléigh roinnt díobh trédhearcacht, agus díriú á leagan ar an eagraíocht a chur ar an eolas faoin ngaol teaghlaigh nó ar ghlacadh leis go mbeadh nochtadh den sórt sin mar chuid den phróiseas tairisceana.

## Ceist 28

Cad a dhéanfá sa chás seo?

Gabhadh comharsa leat as ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith ina sheilbh aige. Tá baint mhór aige le roinnt grúpaí pobail, agus ní heol do cheann ar bith díobh gur gabhadh é le déanaí. Tá imní ort faoi shábháilteacht do chomharsana eile agus faoi shábháilteacht na ndaoine den phobal.

Dírítear sna freagraí ar chineál leanúnach an imscrúdaithe, agus rúndacht agus cearta an amhrastaigh chun príobháideachta agus chun próise cuí á lua. Mar sin féin, pléitear iontu freisin na cainéil inmheánacha atá ar fáil chun a chinntiú go bhfuil an t-imscrúdú ar an eolas faoi bhaint an amhrastaigh le grúpaí pobail ionas gur féidir atreoruithe cuí agus cosaintí cuí a chur i bhfeidhm.

## Ceist 29

Cad a dhéanfá sa chás seo?

Tá tú ar dualgas sna seomraí coimeádta nuair a ghníomhaíonn do mhaoirseoir ar bhealach a mheasann tú a bheith míghairmiúil. Tá sé/sí trodach ó bhéal agus ag argóint le príosúnach amháin atá ar meisce. Tá do mhaoirseoir ag déanamh neamhiontas d'iarrataí bunúsacha ón bpríosúnach, agus tá tú imníoch faoi leas an phríosúnaigh.

Molann formhór na bhfreagraithe go nglacfadh siad cúram an cháis orthu féin mar chomhalta i gceannas/mar dhuine i gceannas agus go n-iarrfadh siad ar an maoirseoir imeacht, agus aird chuí á tabhairt ar leas an phríosúnaigh. Ní bhreithneodh go leor freagraithe tuairisciú ach amháin mura mbeadh aon tionchar ag maolú an cháis nó ag 'comhrá beag a bheith acu'. Mar sin féin, dhéanfadh mionlach suntasach an teagmhas a chur in iúl láithreach do chomhghleacaí atá ag céim níos airde nó thuairisceodh siad an maoirseoir as a (h)iompraíocht mhíghairmiúil.

PCSA

Údarás Póilíneachta
& Sábháilteachta Pobail

Policing & Community
Safety Authority